Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2022/0066(COD)

5.5.2023

TUAIRIM

ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

chuig an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus chuig an gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

maidir leis an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac
(COM(2022)0105 – C9-0058/2022 – 2022/0066(COD))

Rapóirtéir don tuairim (*): Rosa Estaràs Ferragut

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_Legam

LEASUITHE

Iarann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus ar an gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne, mar na coistí atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh treorach
Teideal 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Togra le haghaidh	Togra le haghaidh
TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE	TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
maidir le foréigean ***in aghaidh na mban*** agus foréigean teaghlaigh a chomhrac	maidir le foréigean ***inscnebhunaithe*** agus foréigean teaghlaigh a chomhrac***;***

Leasú 2

Togra le haghaidh treorach
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Is é is cuspóir leis an Treoir sin creat cuimsitheach a chur ar fáil chun foréigean ***in aghaidh na mban*** agus foréigean teaghlaigh a chomhrac go héifeachtach ar fud an Aontais ar fad. Déanann sé amhlaidh trí bhearta a neartú agus a thabhairt isteach sna réimsí seo a leanas: Cionta ábhartha a choiriúlú agus a phionósú, íospartaigh a chosaint agus rochtain ar cheartas, tacaíocht d'íospartaigh, cosc, comhordú agus comhar.	(1) Is é is cuspóir leis an Treoir sin creat cuimsitheach a chur ar fáil chun foréigean ***inscnebhunaithe*** agus foréigean teaghlaigh a chomhrac go héifeachtach ar fud an Aontais ar fad. Déanann sé amhlaidh trí bhearta a neartú agus a thabhairt isteach sna réimsí seo a leanas: Cionta ábhartha a choiriúlú agus a phionósú, íospartaigh a chosaint agus rochtain ar cheartas, tacaíocht d'íospartaigh, cosc, comhordú agus comhar.

Leasú 3

Togra le haghaidh treorach
Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

	(1a) Ba cheart do na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) an 21 Meitheamh 2019 maidir le Foréigean agus Ciapadh i nDomhan na hOibre a Dhíothú (Uimh. 190) agus Moladh EIS maidir le Foréigean agus Ciapadh an 21 Meitheamh 2019 (Uimh. 206) a dhaingniú gan mhoill agus an dlí agus na bearta beartais is gá a chur i bhfeidhm chun foréigean agus ciapadh i margadh an tsaothair a thoirmeasc, a chosc agus a chomhrac.

Leasú 4

Togra le haghaidh treorach
Aithris 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1b) Ba cheart do na Ballstáit rannchuidiú le cibearfhoréigean inscnebhunaithe agus fuathchaint ar líne san áit oibre a chomhrac.

Leasú 5

Togra le haghaidh treorach
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Is bunluachanna de chuid an Aontais iad an comhionannas idir mná agus fir agus an neamh-idirdhealú agus is cearta bunúsacha iad a chumhdaítear, faoi seach, in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 21 agus Airteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Cuireann ***foréigean in aghaidh na mban*** agus foréigean teaghlaigh na prionsabail sin i mbaol, rud a bhaineann an bonn ***de chearta na mban agus na gcailíní chun*** comhionannais i ngach réimse den saol.	(2) Is bunluachanna de chuid an Aontais iad an comhionannas idir mná agus fir agus an neamh-idirdhealú agus is cearta bunúsacha iad a chumhdaítear, faoi seach, in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 21 agus Airteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Cuireann ***foréigeaninscnenhunaithe*** agus foréigean teaghlaigh na prionsabail sin i mbaol, rud a bhaineann an bonn ***den*** comhionannais i ngach réimse den saol.

Leasú 6

Togra le haghaidh treorach
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Sáraíonn foréigean ***in aghaidh na mban*** agus foréigean teaghlaigh cearta bunúsacha amhail an ceart chun dínit an duine, an ceart chun beatha agus iomláine an duine, an toirmeasc ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach, an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, cosaint sonraí pearsanta, agus cearta an linbh, mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("An Chairt").	(3) Sáraíonn foréigean ***inscnebhunaithe*** agus foréigean teaghlaigh cearta bunúsacha amhail an ceart chun dínit an duine, an ceart chun beatha agus iomláine an duine, an toirmeasc ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach, an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, cosaint sonraí pearsanta, agus cearta an linbh, mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("An Chairt").

Leasú 7

Togra le haghaidh treorach
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir sin maidir le hiompar coiriúil arb ionann é agus foréigean ***in aghaidh na mban*** nó foréigean teaghlaigh, mar a dhéantar coir air faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. Áirítear leis sin na cionta coiriúla a shainmhínítear sa Treoir sin, eadhon éigniú, ciorrú ball giniúna ban, comhroinnt neamh-chomhfhiosach ábhair atá pearsanta nó cúbláilte, cibearstalcaireacht, cibearchiapadh, cibeargríosú chun foréigin nó fuatha agus iompar coiriúil a chumhdaítear le hionstraimí eile de chuid an Aontais, go háirithe Treoir 2011/36/AE[36] agus Treoir 2011/93/AE[37] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena sainmhínítear cionta coiriúla maidir le teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus gáinneáil ar	(4) Ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir sin maidir le hiompar coiriúil arb ionann é agus foréigean ***inscnebhunaithe*** nó foréigean teaghlaigh, mar a dhéantar coir air faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. Áirítear leis sin na cionta coiriúla a shainmhínítear sa Treoir sin, eadhon éigniú, ciorrú ball giniúna ban, ***steiriliú éigeantais,*** comhroinnt neamh-chomhfhiosach ábhair atá pearsanta nó cúbláilte, cibearstalcaireacht, cibearchiapadh, cibeargríosú chun foréigin nó fuatha agus iompar coiriúil a chumhdaítear le hionstraimí eile de chuid an Aontais, go háirithe Treoir 2011/36/AE[36] agus Treoir 2011/93/AE[37] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena sainmhínítear cionta coiriúla maidir le teacht i dtír gnéasach ar

dhaoine chun críche teacht i dtír gnéasach ar leanaí. Ar deireadh, tá cionta coiriúla áirithe faoin dlí náisiúnta faoi shainmhíniú an fhoréigin ***in aghaidh na mban***. Áirítear leis sin coireanna amhail femiciú, ciapadh gnéasach, mí-úsáid ghnéasach, stalcaireacht, luathphósadh agus pósadh éigeantais, ginmhilleadh éigeantach, steiriliú éigeantach, agus cineálacha éagsúla cibearfhoréigin, amhail ciapadh gnéasach ar líne, cibearbhulaíocht nó ábhar gnéasach follasach a fháil gan iarraidh. Is cineál foréigin in aghaidh na mban é foréigean baile a d'fhéadfaí a choiriúlú go sonrach faoi dhlíthe náisiúnta nó a chumhdaítear le cionta coiriúla, a dhéantar laistigh den teaghlach nó den aonad baile nó idir iarchéilí nó céilí reatha***, mar a shainmhínítear sa Treoir sin***.

leanaí agus gáinneáil ar dhaoine chun críche teacht i dtír gnéasach ar leanaí. Ar deireadh, tá cionta coiriúla áirithe faoin dlí náisiúnta faoi shainmhíniú an fhoréigin ***inscnebhunaithe***. Áirítear leis sin coireanna amhail femiciú, ciapadh gnéasach, mí-úsáid ghnéasach, stalcaireacht, luathphósadh agus pósadh éigeantais, ginmhilleadh éigeantach, steiriliú éigeantach, agus cineálacha éagsúla cibearfhoréigin, amhail ciapadh gnéasach ar líne, cibearbhulaíocht nó ábhar gnéasach follasach a fháil gan iarraidh. Is cineál foréigin in aghaidh na mban é foréigean baile a d'fhéadfaí a choiriúlú go sonrach faoi dhlíthe náisiúnta nó a chumhdaítear le cionta coiriúla, a dhéantar laistigh den teaghlach nó den aonad baile nó idir iarchéilí nó céilí reatha ***nó comhpháirtithe***.

---

[36] Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, IO L 101, 15.4.2011, lch. 1–11

[37] Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (IO L 335, 17.12.2011, lch. 1–14).

[36] Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, IO L 101, 15.4.2011, lch. 1–11

[37] Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (IO L 335, 17.12.2011, lch. 1–14).

Leasú 8

Togra le haghaidh treorach
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Ceapadh na bearta faoin Treoir sin chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais	(5) Ceapadh na bearta faoin Treoir sin chun aghaidh a thabhairt***, inter alia,*** ar

shonracha na mban agus na gcailíní, ós rud é go ndéanann na cineálacha foréigin a chumhdaítear faoin Treoir sin difear díréireach dóibh, eadhon foréigean ***in aghaidh na mban*** agus foréigean teaghlaigh. Aithnítear sa Treoir sin, áfach, go bhféadfadh daoine ***eile*** a bheith thíos leis na cineálacha foréigin sin agus gur cheart ***go mbainfidís*** tairbhe as na bearta dá bhforáiltear inti. Dá bhrí sin, ba cheart tagairt a dhéanamh leis an téarma 'íospartach' do gach duine, beag beann ar a inscne nó ar a inscne.	riachtanais shonracha na mban agus na gcailíní, ós rud é go ndéanann na cineálacha foréigin a chumhdaítear faoin Treoir sin difear díréireach dóibh, eadhon foréigean ***inscnebhunaithe*** agus foréigean teaghlaigh. Aithnítear sa Treoir sin, áfach, go bhféadfadh daoine ***seachas mná*** a bheith thíos leis na cineálacha foréigin sin agus gur cheart ***dóibh*** tairbhe ***a bhaint*** as na bearta dá bhforáiltear inti ***gan idirdhealú mar gheall ar aon fhoras***. Dá bhrí sin, ba cheart tagairt a dhéanamh leis an téarma 'íospartach' do gach duine, beag beann ar a inscne nó ar a inscne.

Leasú 9

Togra le haghaidh treorach
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) De bharr a leochaileachta, déantar dochar díreach mothúchánach do leanaí a fheiceann foréigean ***in aghaidh na mban*** nó foréigean teaghlaigh, rud a mbíonn tionchar aige ar a bhforbairt. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas gur íospartaigh iad na leanaí sin agus go dtairbhíonn siad de bhearta cosanta spriocdhírithe.	(6) De bharr a leochaileachta, déantar dochar díreach mothúchánach do leanaí a fheiceann foréigean ***insnebhunaithe*** nó foréigean teaghlaigh, rud a mbíonn tionchar aige ar a bhforbairt. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas gur íospartaigh iad na leanaí sin agus go dtairbhíonn siad de bhearta cosanta spriocdhírithe.

Leasú 10

Togra le haghaidh treorach
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Is léiriú leanúnach é an ***foréigean in aghaidh na mban*** ar idirdhealú struchtúrach in aghaidh na mban, a eascraíonn as caidreamh cumhachta neamhionann go stairiúil idir mná agus fir. Is cineál foréigin inscnebhunaithe é, a chuireann fir i bhfeidhm go príomha ar mhná agus ar chailíní. Tá sé fréamhaithe sna róil, iompraíochtaí, gníomhaíochtaí	(7) Is léiriú leanúnach é an ***fhoréigean inscnebhunaithe, inter alia,*** ar idirdhealú struchtúrach in aghaidh na mban, ***ina n-éagsúlacht uile,*** a eascraíonn as ***fua ban agus*** caidreamh cumhachta neamhionann go stairiúil idir mná agus fir. Is cineál foréigin inscnebhunaithe é, a chuireann fir i bhfeidhm go príomha ar mhná agus ar chailíní. Tá sé fréamhaithe sna róil,

agus tréithe atá tógtha go sóisialta a mheasann sochaí ar leith a bheith oiriúnach do mhná agus d'fhir, dá dtagraítear go ginearálta faoin téarma 'inscne'.

iompraíochtaí, gníomhaíochtaí agus tréithe atá tógtha go sóisialta a mheasann sochaí ar leith a bheith oiriúnach do mhná agus d'fhir, dá dtagraítear go ginearálta faoin téarma 'inscne'.

Leasú 11

Togra le haghaidh treorach
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Is fadhb shóisialta thromchúiseach é an foréigean teaghlaigh, fadhb a bhíonn i bhfolach go minic. D'fhéadfadh tráma tromchúiseach ***síceolaíochta*** agus fisiciúla a bheith mar thoradh air ***mar is iondúil*** gur duine é an ciontóir ***atá ar eolas*** ag ***na híospartaigh, agus bheifí ag*** súil go ***mbeidh*** muinín ***aige*** as. Is féidir leis an bhforéigean sin a bheith i bhfoirmeacha éagsúla, lena n-áirítear foréigean fisiciúil, gnéasach, síceolaíoch agus eacnamaíoch. D'fhéadfadh foréigean teaghlaigh tarlú cibé acu atá nó nach bhfuil an ciontóir i bpáirt leis an íospartach nó an bhfuil teaghlach roinnte aige nó aici leis an íospartach.	(8) Is fadhb shóisialta thromchúiseach é an foréigean teaghlaigh, fadhb a bhíonn i bhfolach go minic ***mar thoradh ar stiogmatú sochaíoch***. D'fhéadfadh tráma tromchúiseach ***síceolaíoch*** agus fisiciúla a bheith mar thoradh air ***agus iarmhairtí tromchúiseacha aige do shaol pearsanta agus gairmiúil íospartaigh toisc*** gur duine é an ciontóir ***a bhfuil aithne*** ag ***an íospartach air de ghnáth, a mbeifí ag*** súil go ***mbeadh*** muinín ***ag an íospartach*** as. Is féidir leis an bhforéigean sin a bheith i bhfoirmeacha éagsúla, lena n-áirítear foréigean fisiciúil, gnéasach, síceolaíoch agus eacnamaíoch. D'fhéadfadh foréigean teaghlaigh tarlú cibé acu atá nó nach bhfuil an ciontóir i bpáirt leis an íospartach nó an bhfuil teaghlach roinnte aige nó aici leis an íospartach.

Leasú 12

Togra le haghaidh treorach
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) I bhfianaise na sonraíochtaí a bhaineann leis na cineálacha sin coireanna, is gá tacar cuimsitheach rialacha a leagan síos, lena dtugtar aghaidh go sonrach ar fhadhb leanúnach an fhoréigin ***in aghaidh na mban*** agus an fhoréigin teaghlaigh agus lena bhfreastalaítear ar riachtanais	(9) I bhfianaise na sonraíochtaí a bhaineann leis na cineálacha sin coireanna, is gá tacar cuimsitheach rialacha a leagan síos, lena dtugtar aghaidh go sonrach ar fhadhb leanúnach an fhoréigin ***inscnebhunaithe*** agus an fhoréigin teaghlaigh ***ar bhealach spriocdhírithe*** agus

shonracha íospartaigh an fhoréigin sin. Léiríodh nach leor na forálacha atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun foréigean ***in aghaidh na mban*** agus foréigean teaghlaigh a chomhrac agus a chosc go héifeachtach. Go háirithe, dírítear i dTreoir 2011/36/AE agus i dTreoir 2011/93/AE ar na cineálacha sonracha foréigin sin, agus, le Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38], leagtar síos an creat ginearálta d'íospartaigh na coireachta. Cé go gcuirtear roinnt cosaintí ar fáil d'íospartaigh an fhoréigin ***in aghaidh na mban*** agus an fhoréigin teaghlaigh, níl sé leagtha amach chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais shonracha.

lena bhfreastalaítear ar riachtanais shonracha íospartaigh an fhoréigin sin ***ar bhealach trasnach agus íogair ó thaobh inscne de***. Léiríodh nach leor na forálacha atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun foréigean ***inscnebhunaithe*** agus foréigean teaghlaigh a chomhrac agus a chosc go héifeachtach. Go háirithe, dírítear i dTreoir 2011/36/AE agus i dTreoir 2011/93/AE ar na cineálacha sonracha foréigin sin, agus, le Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38], leagtar síos an creat ginearálta d'íospartaigh na coireachta. Cé go gcuirtear roinnt cosaintí ar fáil d'íospartaigh an fhoréigin ***inscnebhunaithe*** agus an fhoréigin teaghlaigh, níl sé leagtha amach chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais shonracha.

---

[38] Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta íospartaigh na coireachta, maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh agus maidir le hiad a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle (IO L 315, 14.11.2012, lch. 57).

[38] Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta íospartaigh na coireachta, maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh agus maidir le hiad a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle (IO L 315, 14.11.2012, lch. 57).

Leasú 13

Togra le haghaidh treorach
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Tacaíonn an Treoir sin leis na gealltanais idirnáisiúnta atá ***déanta*** ag na Ballstáit chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac agus a chosc, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW)[39] agus***, i gcás***	(10) Tacaíonn an Treoir sin leis na gealltanais idirnáisiúnta atá ***tugtha*** ag na Ballstáit chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac agus a chosc, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW)[39]**,**

inarb ábhartha, Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl')[40] agus Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le ***deireadh a chur le*** foréigean agus ciapadh ***i saol na hoibre, a síníodh an 21 Meitheamh 2019 sa Ghinéiv***.

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (CRPD) agus Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl')[40] agus Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh***, 2019 (Uimh. 190), Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hIdirdhealú (Fostaíocht agus Slite Beatha), 1958 (Uimh. 111) agus Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hOibrithe Baile, 189 (Uimh. 189).***

---

[39] An Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh Ban a Dhíothú (CEDAW), UNGA, 1979.

[40] An Coinbhinsiún chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl), Comhairle na hEorpa, 2011.

[39] An Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh Ban a Dhíothú (CEDAW), UNGA, 1979.

[40] An Coinbhinsiún chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl), Comhairle na hEorpa, 2011.

Leasú 14

Togra le haghaidh treorach
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Is féidir foréigean ***in aghaidh na mban*** agus foréigean teaghlaigh a ***dhéanamh*** níos measa i gcás ina ***dtrasnaíonn sé*** idirdhealú bunaithe ar ghnéas agus ar fhorais eile idirdhealaithe a thoirmisctear le dlí an Aontais, eadhon náisiúntacht, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois ***nó*** claonadh gnéasach. Ba cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, aird chuí a thabhairt ar íospartaigh a ndéanann an t-idirdhealú trasnach sin	(11) Is féidir foréigean ***inscnebhunaithe*** agus foréigean teaghlaigh a ***bheith*** níos measa i gcás ina ***mbionn trasnú ann idir*** idirdhealú ***atá*** bunaithe ar ghnéas agus ar fhorais eile idirdhealaithe ***agus*** a thoirmisctear le dlí an Aontais, eadhon náisiúntacht, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó ***aon tuairim*** eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois***,*** claonadh gnéasach***, féiniúlacht inscne, léiriú inscne agus saintréithe gnéis***. Ba cheart do na Ballstáit,

difear dóibh, trí bhearta sonracha a chur ar fáil i gcás ina bhfuil foirmeacha idirdhealaithe a thrasnaíonn an t-idirdhealú i láthair. Go háirithe, ***tá baol méadaithe ann go bhfulaingeoidh mná*** leispiacha, déghnéasacha, trasinscneacha, ***neamhbhalóideacha***, idirghnéasacha agus ***ban*** (LADTIA), ***mná*** faoi mhíchumas agus ***mná a bhfuil cúlra*** mionlaigh ciníoch nó eitneach ***acu***.	dá bhrí sin, aird chuí a thabhairt ar íospartaigh a ndéanann an t-idirdhealú trasnach sin ***agus foréigean*** difear dóibh, trí bhearta sonracha a chur ar fáil i gcás ina bhfuil foirmeacha idirdhealaithe a thrasnaíonn an t-idirdhealú i láthair. Go háirithe, ***daoine*** leispiacha, déghnéasacha, trasinscneacha, ***neamhdhénártha***, idirghnéasacha agus ***aiteach***(LADTIA), ***daoine*** faoi mhíchumas agus ***daoine de chúlra*** mionlaigh ciníoch nó eitneach***, tá baol níos mó ann go bhfulaingeoidh siad foréigean inscnebhunaithe agus foréigean teaghlaigh***. ***Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ghníomhartha foréigin inscnebhunaithe lena bhféachtar le pionós a chur ar íospartaigh as a gclaonadh gnéasach, a léiriú inscne, a bhféiniúlacht inscne nó a dtréithe gnéis amhail éigniú ceartaitheach, inter alia.***

Leasú 15

Togra le haghaidh treorach
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Tá íospartaigh an fhoréigin ***in aghaidh na mban*** agus an fhoréigin teaghlaigh i mbaol imeaglaithe, frithbheartaíochta, athíospartha tánaisteach agus athíospartha. Ba cheart, dá bhrí sin, aird ar leith a thabhairt ar na rioscaí sin agus ar an ngá atá le dínit agus ***sláine fhisiciúil*** na n-íospartach sin a chosaint.	(12) Tá íospartaigh an fhoréigin ***inscnebhunaithe*** agus an fhoréigin teaghlaigh i mbaol imeaglaithe, frithbheartaíochta, athíospartha tánaisteach agus athíospartha. Ba cheart, dá bhrí sin, aird ar leith a thabhairt ar na rioscaí sin agus ar an ngá atá le dínit agus ***iomláine coirp agus intinne*** na n-íospartach sin a chosaint. ***Ba cheart go n-áiritheofaí le teagmhálacha le seirbhísí tacaíochta speisialaithe go gcaitear le híospartaigh ar bhealach daonnachtúil agus go seachnófaí ath-thrámú.***

Leasú 16

Togra le haghaidh treorach
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Tá éigniú ar cheann de na cionta is tromchúisí a sháraíonn sláine gnéis duine agus is coir é a théann i bhfeidhm go díréireach ar mhná. Is éard atá i gceist leis éagothroime chumhachta idir an ciontóir agus an t-íospartach, rud a ligeann don chiontóir leas gnéasach a bhaint as an íospartach chun críocha amhail daingniú pearsanta, forlámhas a dhearbhú, aitheantas sóisialta a fháil, dul chun cinn nó gnóthachan airgeadais b'fhéidir. Éilíonn go leor Ballstát fós go n-úsáidfear forneart, bagairtí nó comhéigean do choir an éignithe. Tá Ballstáit eile ag brath ar an gcoinníoll nár thoiligh an t-íospartach leis an ngníomh gnéasach, agus ar an gcoinníoll sin amháin. Is leis an gcur chuige sin amháin a dhéantar cosaint iomlán ar shláine gnéis na n-íospartach agus tá sé i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, is gá cosaint chomhionann a áirithiú ar fud an Aontais trí na gnéithe bunaitheacha de choir éigniú na mban a sholáthar.	(13) Tá éigniú ar cheann de na cionta is tromchúisí a sháraíonn sláine gnéis duine agus is coir é a théann i bhfeidhm go díréireach ar mhná ***agus ar chailíní***. Is éard atá i gceist leis éagothroime chumhachta idir an ciontóir agus an t-íospartach, rud a ligeann don chiontóir leas gnéasach a bhaint as an íospartach chun críocha amhail daingniú pearsanta, forlámhas a dhearbhú, aitheantas sóisialta a fháil, dul chun cinn nó gnóthachan airgeadais b'fhéidir. Éilíonn go leor Ballstát fós go n-úsáidfear forneart, bagairtí nó comhéigean do choir an éignithe. Tá Ballstáit eile ag brath ar an gcoinníoll nár thoiligh an t-íospartach leis an ngníomh gnéasach, agus ar an gcoinníoll sin amháin. Is leis an gcur chuige sin amháin a dhéantar cosaint iomlán ar shláine gnéis na n-íospartach agus tá sé i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, is gá cosaint chomhionann a áirithiú ar fud an Aontais trí na gnéithe bunaitheacha de choir éigniú na mban a sholáthar.

Leasú 17

Togra le haghaidh treorach
Aithris 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16a) Is cleachtas díobhálach agus dúshaothraithe é steiriliú éigeantais agus comhéigneach a chuireann deireadh le cumas atáirgthe ghnéasaigh na n-íospartach agus a dhéantar chun rialú sóisialta a dhéanamh ar na híospartaigh. Tá sé fréamhaithe i dtoimhdí eugenicist faoi luach shaol na ndaoine atá i gceist agus steiréitíopaí maidir lena gcumas a bheith ina dtuismitheoirí. Tá mná agus cailíní de chúlraí mionlaigh eitneacha agus ciníocha, go háirithe na Romaigh, mná agus cailíní ó chúlraí

socheacnamaíocha bochta agus mná agus cailíní faoi mhíchumas, go háirithe iad siúd atá faoi mhíchumas intleachta agus síceasóisialta mar aon leo siúd a bhfuil cónaí orthu in institiúidí, go háirithe i mbaol na gcleachtas sin. Chun na cleachtais fhorleathana leanúnacha sin san Aontas a chomhrac, ar cleachtais iad lena mbuanaítear idirdhealú, steiréitíopaí, foréigean agus rialú ar chorp duine eile, ba cheart aghaidh a thabhairt go sonrach agus go leormhaith sa dlí coiriúil ar steiriliú éigeantais.

Leasú 18

Togra le haghaidh treorach
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Is gá foráil a dhéanamh do shainmhínithe comhchuibhithe ar chionta agus ar phionóis maidir le cineálacha áirithe cibearfhoréigin. Díríonn an cibearfhoréigean go háirithe ar ***pholaiteoirí, ar iriseoirí*** agus ***ar chosantóirí chearta an duine ar mná iad*** agus bíonn tionchar aige ***orthu***. D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh air go dtostófar mná agus go gcuirfí bac ar a rannpháirtíocht shochaíoch ar chomhchéim le fir. Bíonn tionchar díréireach ag an gcibearfhoréigean ar mhná agus ar chailíní i suíomhanna oideachais, amhail scoileanna agus ollscoileanna, agus bíonn iarmhairtí díobhálacha aige sin ar a mbreisoideachas agus ar a meabhairshláinte, rud a bhféadfadh féinmharú a bheith mar thoradh air i gcásanna tromchúiseacha.	(17) Is gá foráil a dhéanamh do shainmhínithe comhchuibhithe ar chionta agus ar phionóis maidir le cineálacha áirithe cibearfhoréigin. Díríonn an cibearfhoréigean go háirithe ar ***mhná i saol na hoibre*** agus ***sa saol poiblí*** agus bíonn tionchar aige ***ar mhná, go háirithe polaiteoirí ban, iriseoirí, cosantóirí chearta an duine, agus daoine ar cuid de phobail imeallaithe iad***. D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh air go dtostófar mná agus go gcuirfí bac ar a rannpháirtíocht shochaíoch ***agus ghairmiúil*** ar chomhchéim le fir. Bíonn tionchar díréireach ag an gcibearfhoréigean ar mhná agus ar chailíní i suíomhanna oideachais, amhail scoileanna agus ollscoileanna, agus bíonn iarmhairtí díobhálacha aige sin ar a mbreisoideachas***, ar a n-ionchais ghairme*** agus ar a meabhairshláinte, rud a bhféadfadh féinmharú a bheith mar thoradh air i gcásanna tromchúiseacha. ***Mar thoradh ar an úsáid mhéadaithe a bhaintear as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide ag an obair, tá méadú tagtha ar an gcibearfhoréigean in aghaidh na mban a bhfuil gá le haird ar***

leith a thabhairt ar bhearta coisctheacha agus cosanta i gcomhthéacs na hoibre[1a]. Bíonn tionchar díréireach ag an gcibearfhoréigean ar mhná agus ar chailíní atá neamhchosanta ar idirdhealú agus ar fhoréigean ar bhonn meascán dá ngnéas agus d'fhorais eile, lena n-áirítear cibearchiapadh agus cibearghriogadh chun foréigin nó fuatha.

[1a] Tuairim ó CESE dar teideal 'Teilea-obair agus comhionannas inscne' (2021/C 220/02) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52020AE5159&rid=4 ; EIS Foréigean agus ciapadh ag an obair https://www.ilo.org/global/docs/WCMS_839676/lang--en/index.htm

Leasú 19

Togra le haghaidh treorach
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Go háirithe mar gheall ar an gclaonadh atá ann maidir le dáileadh agus déanamh éasca, tapa agus leathan, chomh maith lena nádúr pearsanta, d'fhéadfadh scaipeadh íomhánna pearsanta nó físeán agus ábhair ina léirítear gníomhaíochtaí gnéasacha ar líne ar bhealach neamhthoiliúil, trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, chuig ***aniliomad*** úsáideoirí deiridh a bheith ***an-díobhálach*** do na híospartaigh. Ba cheart gach cineál ábhair mar sin a chumhdach leis an gcion dá bhforáiltear sa Treoir sin, amhail íomhánna, grianghraif agus físeáin, lena n-áirítear íomhánna gnéasaithe, gearrthóga fuaime agus gearrthóga físe. Ba cheart go mbainfeadh sé le cásanna ina scaiptear an t-ábhar ***don iliomad*** úsáideoirí deiridh, trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, gan toiliú an íospartaigh, is	(19) Go háirithe mar gheall ar an gclaonadh atá ann maidir le dáileadh agus déanamh éasca, tapa agus leathan, chomh maith lena nádúr pearsanta, d'fhéadfadh scaipeadh íomhánna pearsanta nó físeán agus ábhair ina léirítear gníomhaíochtaí gnéasacha ar líne ar bhealach neamhthoiliúil, trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, chuig úsáideoirí deiridh ***eile*** a bheith ***fíordhíobhálach*** do na híospartaigh. Ba cheart gach cineál ábhair mar sin a chumhdach leis an gcion dá bhforáiltear sa Treoir sin, amhail íomhánna, grianghraif agus físeáin, lena n-áirítear íomhánna gnéasaithe, gearrthóga fuaime agus gearrthóga físe. Ba cheart go mbainfeadh sé le cásanna ina scaiptear an t-ábhar ***d'***úsáideoirí deiridh ***eile***, trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, gan toiliú an íospartaigh, is

cuma ar thoiligh an t-íospartach le giniúint an ábhair sin nó ar tharchuir sé chuig duine ar leith é. Ba cheart go n-áireofaí sa chion freisin táirgeadh nó cúbláil ***neamhthoiliúil***, trí eagarthóireacht a dhéanamh ar íomhánna, mar shampla, a fhágann go dtaispeántar é amhail is go bhfuil duine eile ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnéasacha, a mhéid a scaiptear an t-ábhar freisin ***don iliomad*** úsáideoirí deiridh ina dhiaidh sin, trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, gan toiliú an duine sin. Ba cheart go n-áireofaí i dtáirgeadh nó sa chúbláil sin déanamh 'bréagáin', i gcás ina bhfuil an t-ábhar cosúil go suntasach le duine aonair, rudaí, áiteanna nó eintitis nó imeachtaí eile, lena léirítear gníomhaíochtaí gnéasacha duine eile, agus ina ndealraíonn sé go bréagach do dhaoine eile a bheith barántúil nó fírinneach. Ar mhaithe le híospartaigh an iompair sin a chosaint go héifeachtach, ba cheart bagairt a dhéanamh don iompar sin a chumhdach freisin.

cuma ar thoiligh an t-íospartach le giniúint an ábhair sin nó ar tharchuir sé chuig duine ar leith é. Ba cheart go n-áireofaí sa chion freisin táirgeadh nó cúbláil ***neamh-chomhthoiliúil***, trí eagarthóireacht a dhéanamh ar íomhánna, ***lena n-áirítear trí bhíthin na hintleachta saorga,*** mar shampla, a fhágann go dtaispeántar é amhail is go bhfuil duine eile ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnéasacha, a mhéid a scaiptear an t-ábhar freisin ***d'***úsáideoirí deiridh ***eile*** ina dhiaidh sin, trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, gan toiliú an duine sin. Ba cheart go n-áireofaí i dtáirgeadh nó sa chúbláil sin déanamh 'bréagáin', i gcás ina bhfuil an t-ábhar cosúil go suntasach le duine aonair, rudaí, áiteanna nó eintitis nó imeachtaí eile, lena léirítear gníomhaíochtaí gnéasacha duine eile, agus ina ndealraíonn sé go bréagach do dhaoine eile a bheith barántúil nó fírinneach. Ar mhaithe le híospartaigh an iompair sin a chosaint go héifeachtach, ba cheart bagairt a dhéanamh don iompar sin a chumhdach freisin.

Leasú 20

Togra le haghaidh treorach
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Is cineál nua-aimseartha foréigin í an chibearstalcaireacht a dhéantar go minic ar bhaill teaghlaigh nó ar dhaoine atá ina gcónaí sa teaghlach céanna, ach freisin a dhéanann iarpháirtithe. De ghnáth, baineann an ciontóir mí-úsáid as an teicneolaíocht chun iompar, ionramháil agus faireachas comhéigneach agus rialaithe a threisiú, rud a mhéadaíonn eagla, imní agus leithlisiú de réir a chéile ó chairde agus ó ***mhuintir*** an íospartaigh. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha íosta maidir le cibearstalcaireacht a bhunú. Le cion na cibearstalcaireachta, ba cheart faireachas	(20) Is cineál nua-aimseartha foréigin í an chibearstalcaireacht a dhéantar go minic ar bhaill teaghlaigh nó ar dhaoine atá ina gcónaí sa teaghlach céanna, ach freisin a dhéanann iarpháirtithe. De ghnáth, baineann an ciontóir mí-úsáid as an teicneolaíocht chun iompar, ionramháil agus faireachas comhéigneach agus rialaithe a threisiú, rud a mhéadaíonn eagla, imní agus leithlisiú de réir a chéile ó chairde***, ó mhuintir*** agus ó ***obair*** an íospartaigh. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha íosta maidir le cibearstalcaireacht a bhunú. Le cion na cibearstalcaireachta, ba cheart

leanúnach an íospartaigh a chumhdach gan toiliú ná údarú dlíthiúil a fháil ***uathu*** trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. D'fhéadfaí é sin a chumasú trí shonraí pearsanta an íospartaigh a phróiseáil, amhail trí ghoid aitheantais nó spiaireacht a dhéanamh ar na sonraí sin ar a meáin shóisialta éagsúla nó ar a n-ardáin éagsúla teachtaireachtaí, a ríomhphoist agus a bhfón, pasfhocail a ghoid nó a ngléasanna a haiceáil chun rochtain a fháil ar a spásanna príobháideacha, trí aipeanna geologánaithe a shuiteáil, lena n-áirítear bogearraí stalaire, nó trína ngléasanna a ghoid. Thairis sin, ba cheart go gcumhdófaí le stalcaireacht faireachán ar íospartaigh***, gan toiliú ná údarú an duine sin,*** trí ghléasanna teicneolaíochta atá nasctha trí Idirlíon na Rudaí Nithiúla, amhail fearais chliste bhaile.

faireachas leanúnach an íospartaigh a chumhdach gan toiliú ná údarú dlíthiúil a fháil ***uaidh*** trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. D'fhéadfaí é sin a chumasú trí shonraí pearsanta an íospartaigh a phróiseáil, amhail trí ghoid aitheantais nó spiaireacht a dhéanamh ar na sonraí sin ar a meáin shóisialta éagsúla nó ar a n-ardáin éagsúla teachtaireachtaí, a ríomhphoist agus a bhfón, pasfhocail a ghoid nó a ngléasanna a haiceáil chun rochtain a fháil ar a spásanna príobháideacha, trí aipeanna geologánaithe a shuiteáil, lena n-áirítear bogearraí stalaire, nó trína ngléasanna a ghoid. Thairis sin, ba cheart go gcumhdófaí le stalcaireacht faireachán ar íospartaigh trí ghléasanna teicneolaíochta atá nasctha trí Idirlíon na Rudaí Nithiúla, amhail fearais chliste bhaile.

Leasú 21

Togra le haghaidh treorach
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Ba cheart rialacha íosta maidir le cion an chibearchiaptha a leagan síos chun cur i gcoinne ionsaí a thionscnamh le tríú páirtithe nó chun páirt a ghlacadh san ionsaí sin arna dhíriú ar dhuine eile, trí ábhar bagrach nó maslach a chur ar fáil ***don iliomad*** úsáideoirí deiridh. D'fhéadfadh na hionsaithe leathana sin, lena n-áirítear ionsaithe comhordaithe mob ar líne, dul ina n-ionsaí as líne nó a bheith ina gcúis le gortú suntasach síceolaíoch agus i gcásanna tromchúiseacha, d'fhéadfadh siad féinmharú an íospartaigh a chruthú. Is minic a dhírítear na hionsaithe sin ar pholaiteoirí móra, ar iriseoirí nó ar dhaoine aitheanta ar bhealach eile, ach is féidir leo tarlú i gcomhthéacsanna éagsúla freisin, mar shampla ar champais nó i scoileanna. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an bhforéigean ar líne sin go háirithe i gcás	(21) Ba cheart rialacha íosta maidir le cion an chibearchiaptha a leagan síos chun cur i gcoinne ionsaí a thionscnamh le tríú páirtithe nó chun páirt a ghlacadh san ionsaí sin arna dhíriú ar dhuine eile, trí ábhar bagrach nó maslach a chur ar fáil ***d'***úsáideoirí deiridh ***eile***. D'fhéadfadh na hionsaithe leathana sin, lena n-áirítear ionsaithe comhordaithe mob ar líne, dul ina n-ionsaí as líne nó a bheith ina gcúis le gortú suntasach síceolaíoch agus i gcásanna tromchúiseacha, d'fhéadfadh siad féinmharú an íospartaigh a chruthú. Is minic a dhírítear na hionsaithe sin ar pholaiteoirí móra, ar iriseoirí nó ar dhaoine aitheanta ar bhealach eile, ach is féidir leo tarlú i gcomhthéacsanna éagsúla freisin, mar shampla ar champais nó i scoileanna. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an bhforéigean ar líne sin go háirithe i gcás

ina dtarlaíonn na hionsaithe ar scála leathan, mar shampla i bhfoirm ciaptha carn ***ag*** líon suntasach daoine.	ina dtarlaíonn na hionsaithe ar scála leathan, mar shampla i bhfoirm ciaptha carn ***ar*** líon suntasach daoine.

Leasú 22

Togra le haghaidh treorach
Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) Mar gheall ar an méadú atá tagtha ar úsáid an idirlín agus na meán sóisialta, tá méadú mór tagtha ar fhuathchaint, lena n-áirítear bunaithe ar ghnéas nó ar inscne le blianta beaga anuas. Treisítear scaipeadh éasca, gasta agus fairsing na fuathchainte tríd an bhfriotal digiteach de thairbhe na héifeachta dí-urchoillte ar líne, nó laghdaíonn toimhde na hanaithnideachta ar líne, agus mothúchán na saoirse ó phionós, an leisce a bheadh ar dhaoine caint den chineál sin a dhéanamh. Is minic a bhíonn mná ina sprioc fuatha gnéasaí agus ban ar líne, rud atá in ann géarú isteach ***san*** fhuathchoireacht as líne. ***Ní mór é*** sin a ***thascradh*** go luath. Ní i gcónaí a thagraíonn an teanga a úsáidtear sa chineál fuathchainte sin go díreach do ghnéas nó d'inscne an duine/na ndaoine ar a bhfuiltear ag díriú, ach is féidir an spreagadh claonta a aithint go hindíreach ó ábhar foriomlán na cainte.	(22) Mar gheall ar an méadú atá tagtha ar úsáid an idirlín agus na meán sóisialta, tá méadú mór tagtha ar fhuathchaint, lena n-áirítear bunaithe ar ghnéas nó ar inscne le blianta beaga anuas. Treisítear scaipeadh éasca, gasta agus fairsing na fuathchainte tríd an bhfriotal digiteach de thairbhe na héifeachta dí-urchoillte ar líne, nó laghdaíonn toimhde na hanaithnideachta ar líne, agus mothúchán na saoirse ó phionós, an leisce a bheadh ar dhaoine caint den chineál sin a dhéanamh. ***Go minic,*** is ***daoine poiblí iad na déantóirí gríosaithe sin ar líne a bhfuil sé d'éifeacht acu, de bharr go dtoimhdítear go bhfuil daoine ag dul saor ó phionós, gníomhartha foréigin as líne a dhlisteanú agus a threisiú. Is*** minic a bhíonn mná ina sprioc fuatha gnéasaí agus ban ar líne, rud atá in ann géarú isteach ***sa*** fhuathchoireacht as líne. ***D'fhéadfaí díriú ar leanaí agus daoine óga leis an ngríosú*** sin ***(cibearfhoréigean), ar bhonn tréithe pearsanta amhail míchumas, bunadh cinioch nó eitneach, gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne, léiriú inscne, tréithe gnéis nó forais eile*** a ***d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le heisiamh sóisialta, imní, aslú chun féindochair agus, i gcásanna tromchúiseacha, féinmharú, iarrachtaí féinmharaithe nó féinmharú iarbhír. Tá sé ríthábhachtach*** go ***ndéanfar an gríosú chun foréigin nó cibearfhoréigin sin a idircheapadh go*** luath. Ní i gcónaí a thagraíonn an teanga a úsáidtear sa chineál fuathchainte sin go díreach do ghnéas nó d'inscne an duine/na ndaoine ar a

bhfuiltear ag díriú, ach is féidir an spreagadh claonta a aithint go hindíreach ó ábhar foriomlán na cainte.

Leasú 23

Togra le haghaidh treorach
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Ba cheart d'íospartaigh a bheith in ann coireanna foréigin ***in aghaidh na mban*** nó foréigean teaghlaigh a thuairisciú go héasca gan ***a*** bheith faoi réir íospairt thánaisteach ná ***athíospairt***. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit an deis a thabhairt gearáin a thíolacadh ar líne nó trí theicneolaíochtaí eile faisnéise agus cumarsáide chun na coireanna sin a thuairisciú. Ba cheart d'íospartaigh an chibearfhoréigin a bheith in ann ábhair a bhaineann lena dtuarascáil a uaslódáil, amhail seatanna scáileáin den iompar foréigneach líomhnaithe.	(24) Ba cheart d'íospartaigh a bheith in ann coireanna foréigin ***inscnebhunaithe*** nó foréigean teaghlaigh a thuairisciú go héasca gan bheith faoi réir íospairt thánaisteach ná ***athíospartha***. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit an deis a thabhairt gearáin a thíolacadh ar líne nó trí theicneolaíochtaí eile faisnéise agus cumarsáide chun na coireanna sin a thuairisciú. Ba cheart d'íospartaigh an chibearfhoréigin a bheith in ann ábhair a bhaineann lena dtuarascáil a uaslódáil, amhail seatanna scáileáin den iompar foréigneach líomhnaithe. ***Ba cheart sásraí gearáin a bheith inrochtana d'íospartaigh nach bhfuil scileanna digiteacha acu, d'íospartaigh atá ina gcónaí i gceantair iargúlta nó thuaithe a bhfuil sé deacair orthu rochtain a fháil ar uirlisí digiteacha agus ar an idirlíon agus do dhaoine faoi mhíchumas.***

Leasú 24

Togra le haghaidh treorach
Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(25) I gcás ***foréigin*** teaghlaigh agus ***foréigin in aghaidh na mban***, go háirithe nuair a dhéanann dlúthbhaill teaghlaigh nó ***dlúthpháirtithe dlúthpháirtithe*** iad, d'fhéadfadh íospartaigh ***a bheith faoi éigeantas an chiontóra*** go bhfuil eagla orthu dul i dteagmháil leis na húdaráis	(25) I gcás ***an fhoréigin*** teaghlaigh agus ***an fhoréigin inscnebhunaithe***, go háirithe nuair a dhéanann dlúthbhaill teaghlaigh nó ***páirtithe dlúthchaidrimh*** iad, d'fhéadfadh ***an ciontóir an oiread sin brú a chur ar*** íospartaigh go bhfuil eagla orthu dul i dteagmháil leis na húdaráis inniúla, fiú má

inniúla, fiú má tá a ***saol*** i mbaol. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach bhfuil a rialacha rúndachta ina mbacainn ar ghairmithe ábhartha, amhail gairmithe cúraim sláinte, tuairisciú a dhéanamh do na húdaráis inniúla, i gcás ina bhfuil forais réasúnacha acu lena chreidiúint go bhfuil beatha an íospartaigh i ngarbhaol díobhála coirp tromchúisí. ***Go*** minic***, ní dhéanann*** tríú páirtithe cásanna d'fhoréigean teaghlaigh nó d'fhoréigean ***in aghaidh na mban*** a dhéanann difear do leanaí a idircheapadh ach amháin trí iompar neamhrialta nó díobháil fhisiciúil don leanbh a thabhairt ar aird. Ní mór leanaí a chosaint go héifeachtach ar na cineálacha foréigin sin agus ar bhearta leordhóthanacha a dhéanamh go pras. Dá bhrí sin, níor cheart go mbeadh srian ar ghairmithe ábhartha a thagann i dteagmháil le híospartaigh ar leanaí iad nó le híospartaigh ionchasacha ar leanaí iad, lena n-áirítear gairmithe cúraim sláinte nó oideachais, le rúndacht i gcás ina bhfuil forais réasúnacha acu lena chreidiúint go ndearnadh gníomhartha tromchúiseacha foréigin i gcoinne an linbh nó go ndéanfar gníomhartha tromchúiseacha breise. I gcás ina dtuairiscíonn gairmithe na cásanna foréigin sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach bhfuil siad faoi dhliteanas i leith sárú rúndachta.

tá a ***mbeatha*** i mbaol. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach bhfuil a rialacha rúndachta ina mbacainn ar ghairmithe ábhartha, amhail gairmithe cúraim sláinte, tuairisciú a dhéanamh do na húdaráis inniúla, i gcás ina bhfuil forais réasúnacha acu lena chreidiúint go bhfuil beatha an íospartaigh i ngarbhaol díobhála coirp tromchúisí. ***Ar an gcaoi chéanna, is*** minic ***nach ndéanann*** tríú páirtithe cásanna d'fhoréigean teaghlaigh nó d'fhoréigean ***inscnebhunaithe*** a dhéanann difear do leanaí a idircheapadh ach amháin trí iompar neamhrialta nó díobháil fhisiciúil don leanbh a thabhairt ar aird. Ní mór leanaí a chosaint go héifeachtach ar na cineálacha foréigin sin agus ar bhearta leordhóthanacha a dhéanamh go pras. Dá bhrí sin, níor cheart go mbeadh srian ar ghairmithe ábhartha a thagann i dteagmháil le híospartaigh ar leanaí iad nó le híospartaigh ionchasacha ar leanaí iad, lena n-áirítear gairmithe cúraim sláinte nó oideachais, le rúndacht i gcás ina bhfuil forais réasúnacha acu lena chreidiúint go ndearnadh gníomhartha tromchúiseacha foréigin i gcoinne an linbh nó go ndéanfar gníomhartha tromchúiseacha breise. I gcás ina dtuairiscíonn gairmithe na cásanna foréigin sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach bhfuil siad faoi dhliteanas i leith sárú rúndachta.

Leasú 25

Togra le haghaidh treorach
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Chun dul i ngleic le tearcthuairisciú sna cásanna inar leanbh é an t-íospartach, ba cheart nósanna imeachta maidir le tuairisciú atá sábháilte agus fabhrach do leanaí a bhunú. D'***fhéadfadh*** ceistiú na n-údarás inniúil i dteanga shimplí inrochtana a ***bheith i gceist leis sin***.	(26) Chun dul i ngleic le tearcthuairisciú sna cásanna inar leanbh é an t-íospartach, ba cheart nósanna imeachta maidir le tuairisciú atá sábháilte agus fabhrach do leanaí a bhunú. D'***fhéadfaí a áireamh leis sin*** ceistiú na n-údarás inniúil i dteanga shimplí inrochtana ***agus i dtimpeallacht*** a ***roghnaítear go cúramach***. ***Ba cheart do***

	na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear oiliúint leordhóthanach ar ghairmithe a thagann i dteagmháil le híospartaigh ar leanaí iad nó le híospartaigh ionchasacha ar leanaí iad.

Leasú 26

Togra le haghaidh treorach
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) D'fhéadfadh baol ar leith a bheith ann d'íospartaigh an fhoréigin ***in aghaidh na mban*** i ngeall ar mhoilleanna maidir le gearáin maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a phróiseáil, ós rud é go bhféadfadh ciontóirí a bheith ina ***ngiorracht don teaghlach nó dá*** gcéilí go minic. Dá bhrí sin, ba cheart saineolas leordhóthanach agus uirlisí éifeachtacha imscrúdaitheacha a bheith ag na húdaráis inniúla chun na coireanna sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh.	(27) D'fhéadfadh baol ar leith a bheith ann d'íospartaigh an fhoréigin ***inscnebhunaithe*** i ngeall ar mhoilleanna maidir le gearáin maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a phróiseáil, ós rud é go bhféadfadh ***siad a bheith fós i mbaol láithreach agus ós rud é go bhféadfadh*** ciontóirí a bheith ina ***ndlúthbhaill teaghlaigh nó ina*** gcéilí go minic. ***Cuireann na moilleanna sin íospartaigh i mbaol díobháil nó fulaingt fhisiceach, ghnéasach, shíceolaíoch nó eacnamaíoch.*** Dá bhrí sin, ba cheart saineolas leordhóthanach agus uirlisí éifeachtacha imscrúdaitheacha a bheith ag na húdaráis inniúla chun na coireanna sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh. ***Ba cheart an ceart a bheith ag íospartaigh a bheith saor ó iarmhairtí míchuí, amhail foirceannadh conartha, agus iad ag glacadh saoire mar thoradh ar fhoréigean inscnebhunaithe agus gnéaschiapadh.***

Leasú 27

Togra le haghaidh treorach
Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) Is iondúil go mbíonn cosaint láithreach nó tacaíocht shonrach de dhíth ar íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh agus an fhoréigin ***in aghaidh na mban***, mar	(28) Is iondúil go mbíonn cosaint láithreach nó tacaíocht shonrach de dhíth ar íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh agus an fhoréigin ***inscnebhunaithe***, mar shampla i

shampla i gcás foréigean ***dlúthpháirtí, nuair a bhíonn ráta ard atarachais de ghnáth.*** Dá bhrí sin, ***ba cheart*** measúnú aonair a dhéanamh chun riachtanais chosanta an íospartaigh a shainaithint tar éis chéadteagmháil na n-údarás inniúil leis an íospartach nó a luaithe a thagann amhras chun cinn gur íospartach foréigin ***in aghaidh na mban nó foréigean*** teaghlaigh é an duine. D'fhéadfadh sé sin a bheith sular thuairiscigh íospartach cion go foirmiúil nó go réamhghníomhach má thuairiscíonn tríú páirtí an cion.	gcás foréigean ***páirtí dlúthchaidrimh nuair is mór an seans go dtarlóidh sé arís. Ba cheart,*** dá bhrí sin, measúnú aonair a dhéanamh chun riachtanais chosanta an íospartaigh a shainaithint tar éis chéadteagmháil na n-údarás inniúil leis an íospartach nó a luaithe a thagann amhras chun cinn gur íospartach foréigin ***inscnebhunaithe nó foréigin*** teaghlaigh é an duine. D'fhéadfadh sé sin a bheith sular thuairiscigh íospartach cion go foirmiúil nó go réamhghníomhach má thuairiscíonn tríú páirtí an cion.

Leasú 28

Togra le haghaidh treorach
Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Agus riachtanais chosanta agus tacaíochta an íospartaigh á meas, ba cheart gurb é an príomhábhar imní a bheadh ann sábháilteacht an íospartaigh a chosaint agus tacaíocht shaincheaptha a chur ar fáil, agus imthosca aonair an íospartaigh á gcur san áireamh, i measc nithe eile. D'fhéadfaí a áireamh ar na himthosca sin a éilíonn aird ar leith toircheas an íospartaigh nó ***spleáchas*** an íospartaigh ar an gciontóir nó ***caidreamh*** leis an gciontóir.	(29) Agus riachtanais chosanta agus tacaíochta an íospartaigh á meas, ba cheart gurb é an príomhábhar imní a bheadh ann sábháilteacht an íospartaigh a chosaint agus tacaíocht shaincheaptha a chur ar fáil, agus imthosca aonair***, riachtanais shonracha agus leochaileachtaí*** an íospartaigh á gcur san áireamh, i measc nithe eile. D'***fhéadfadh na himthosca sin a mbeadh aird speisialta ag teastáil uathu a áireamh toircheas an íospartaigh nó spleáchas an íospartaigh ar an gciontóir nó caidreamh leis an gciontóir.*** ***D'***fhéadfaí a áireamh ar na himthosca sin a éilíonn aird ar leith toircheas an íospartaigh***, breith linbh le déanaí*** nó ***staid mhaireachtála*** an íospartaigh ***leis an gciontóir, spleáchas*** ar an gciontóir nó ***an gaol atá ag an íospartach*** leis an gciontóir.

Leasú 29

Togra le haghaidh treorach
Aithris 32

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(32) Is minic a bhíonn tacaíocht shonrach de dhíth ar íospartaigh an fhoréigin ***in aghaidh na mban*** agus an fhoréigin teaghlaigh. Chun a áirithiú go bhfaigheann siad tairiscintí tacaíochta go héifeachtach, ba cheart do na húdaráis inniúla íospartaigh a ***chur i muinín*** na seirbhísí tacaíochta iomchuí. Ba cheart é sin a bheith amhlaidh go háirithe i gcás ina bhfuil measúnú aonair tar éis sainriachtanais tacaíochta an íospartaigh a aimsiú. Sa chás sin, ba cheart go mbeadh seirbhísí tacaíochta in ann teagmháil a dhéanamh leis an íospartach fiú gan toiliú an íospartaigh. Maidir le próiseáil sonraí pearsanta gaolmhara ag údaráis inniúla, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil siad bunaithe ar an dlí, i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(c) arna léamh in éineacht le hAirteagal (6)(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41]. Ba cheart a áireamh ar na dlíthe sin coimircí iomchuí i ndáil le sonraí pearsanta lena n-urramaítear éirim an chirt maidir le cosaint sonraí agus lena ndéantar foráil maidir le bearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna na ndaoine aonair a choimirciú. I gcás ina n-aistríonn údaráis inniúla sonraí pearsanta íospartach chuig seirbhísí tacaíochta chun íospartaigh a atreorú, ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil na sonraí a aistrítear teoranta don mhéid is gá chun seirbhísí an cháis a chur ar an eolas faoi imthosca an cháis, ionas go bhfaighidh íospartaigh an tacaíocht agus an chosaint iomchuí.	(32) Is minic a bhíonn tacaíocht shonrach de dhíth ar íospartaigh an fhoréigin ***inscnebbunaithe*** agus an fhoréigin teaghlaigh. Chun a áirithiú go bhfaigheann siad tairiscintí tacaíochta go héifeachtach, ba cheart do na húdaráis inniúla íospartaigh a ***atreorú chuig*** na seirbhísí tacaíochta ***speisialaithe*** iomchuí. Ba cheart é sin a bheith amhlaidh go háirithe i gcás ina bhfuil measúnú aonair tar éis sainriachtanais tacaíochta an íospartaigh a aimsiú. Sa chás sin, ba cheart go mbeadh seirbhísí tacaíochta in ann teagmháil a dhéanamh leis an íospartach fiú gan toiliú an íospartaigh. Maidir le próiseáil sonraí pearsanta gaolmhara ag údaráis inniúla, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil siad bunaithe ar an dlí, i gcomhréir le hAirteagal 6(1)***, pointe*** (c)***,*** arna léamh in éineacht le hAirteagal (6)(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41]. Ba cheart a áireamh ar na dlíthe sin coimircí iomchuí i ndáil le sonraí pearsanta lena n-urramaítear éirim an chirt maidir le cosaint sonraí agus lena ndéantar foráil maidir le bearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna na ndaoine aonair a choimirciú. I gcás ina n-aistríonn údaráis inniúla sonraí pearsanta íospartach chuig seirbhísí tacaíochta chun íospartaigh a atreorú, ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil na sonraí a aistrítear teoranta don mhéid is gá chun seirbhísí an cháis a chur ar an eolas faoi imthosca an cháis, ionas go bhfaighidh íospartaigh an tacaíocht agus an chosaint iomchuí.
[41] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta	[41] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta

maidir le Cosaint Sonraí) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1–88).

maidir le Cosaint Sonraí) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1–88).

Leasú 30

Togra le haghaidh treorach
Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(33) Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh fáil ar orduithe urchoisc, srianta agus cosanta éigeandála chun cosaint éifeachtach d'íospartaigh agus dá gcleithiúnaithe a áirithiú.	(33) Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh fáil ar orduithe urchoisc, srianta agus cosanta éigeandála chun cosaint éifeachtach d'íospartaigh agus dá gcleithiúnaithe a áirithiú***, go háirithe maidir le háit chónaithe agus ionad oibre an íospartaigh***. ***Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil fad agus forfheidhmiú na n-orduithe cosanta leordhóthanach agus éifeachtach, agus an t-am is gá chun rochtain a fháil ar nósanna imeachta riaracháin nó breithiúnacha á chur san áireamh chun cion coiriúil a thuairisciú nó chun cosaint fhadtéarmach a lorg.***

Leasú 31

Togra le haghaidh treorach
Aithris 38

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(38) I bhfianaise chastacht agus thromchúis na gcionta a bhaineann le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh agus i bhfianaise riachtanais shonracha tacaíochta íospartach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh comhlachtaí ainmnithe tacaíocht bhreise ar fáil agus go gcuirfidh siad cosc ar na cionta sin ar fáil. I bhfianaise an tsaineolais atá acu i gcúrsaí idirdhealaithe ar bhonn gnéis, is maith atá comhlachtaí comhionannais náisiúnta, a	(38) I bhfianaise chastacht agus thromchúis na gcionta a bhaineann le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh agus i bhfianaise riachtanais shonracha tacaíochta íospartach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh comhlachtaí ainmnithe tacaíocht bhreise ar fáil agus go gcuirfidh siad cosc ar na cionta sin ar fáil. I bhfianaise an tsaineolais atá acu i gcúrsaí idirdhealaithe ar bhonn gnéis ***nó inscne***, is maith atá comhlachtaí comhionannais

bunaíodh i gcomhréir le Treoracha 2004/113/CE[42], 2006/54/CE[43] agus 2010/41/AE[44] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, in ann na cúraimí sin a chomhlíonadh. Ina theannta sin, ba cheart an seasamh dlíthiúil a bheith ag na comhlachtaí sin chun gníomhú thar ceann íospartach amháin nó roinnt íospartach amháin nó roinnt íospartach de gach cineál foréigin ***in aghaidh na mban*** nó d'fhoréigean teaghlaigh in imeachtaí breithiúnacha, lena n-áirítear chun iarratas a dhéanamh ar chúiteamh agus ar ábhar neamhdhleathach ar líne a bhaint, le formheas na n-íospartach. Ba cheart go n-áireofaí leis sin an fhéidearthacht gníomhú thar ceann roinnt íospartach nó chun tacú leo le chéile. Chun go mbeidh na comhlachtaí sin in ann a gcúraimí a dhéanamh go héifeachtach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirtear acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais ar fáil dóibh.

---

[42] Treoir 2004/113/CE ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 lena gcuirtear i bhfeidhm prionsabal an chaithimh chomhionann idir fir agus mná maidir le rochtain agus soláthar earraí agus seirbhísí (IO L 373, 21.12.2004, lch. 37).

[43] Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (IO L 204, 26.7.2006, lch. 23).

[44] Treoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ar bhonn féinfhostaithe a chur i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Treoir 86/613/CEE ón gComhairle (IO L 180, 15.7.2010, lch. 1).

náisiúnta, a bunaíodh i gcomhréir le Treoracha 2004/113/CE[42], 2006/54/CE[43] agus 2010/41/AE[44] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, in ann na cúraimí sin a chomhlíonadh. Ina theannta sin, ba cheart an seasamh dlíthiúil a bheith ag na comhlachtaí sin chun gníomhú thar ceann íospartach amháin nó roinnt íospartach amháin nó roinnt íospartach de gach cineál foréigin ***inscnebhunaithe*** nó d'fhoréigean teaghlaigh in imeachtaí breithiúnacha, lena n-áirítear chun iarratas a dhéanamh ar chúiteamh agus ar ábhar neamhdhleathach ar líne a bhaint, le formheas na n-íospartach. Ba cheart go n-áireofaí leis sin an fhéidearthacht gníomhú thar ceann roinnt íospartach nó chun tacú leo le chéile. Chun go mbeidh na comhlachtaí sin in ann a gcúraimí a dhéanamh go héifeachtach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirtear acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais ar fáil dóibh.

---

[42] Treoir 2004/113/CE ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 lena gcuirtear i bhfeidhm prionsabal an chaithimh chomhionann idir fir agus mná maidir le rochtain agus soláthar earraí agus seirbhísí (IO L 373, 21.12.2004, lch. 37).

[43] Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (IO L 204, 26.7.2006, lch. 23).

[44] Treoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ar bhonn féinfhostaithe a chur i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Treoir 86/613/CEE ón gComhairle (IO L 180, 15.7.2010, lch. 1).

Leasú 32

Togra le haghaidh treorach
Aithris 39

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(39) Tá riosca méadaithe íospartha i gceist le cionta áirithe a chumhdaítear leis an Treoir sin, go ndéanfar íospairt fhada nó íospairt leanúnach fiú. Tarlaíonn an riosca sin go háirithe i ndáil le cionta lena mbaineann ábhar pearsanta a scaipeadh ***leis an iliomad úsáideoirí*** deiridh, trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, chomh maith le hábhar cibearchiaptha, i bhfianaise a éasca agus a thapúla is féidir an t-ábhar sin a dháileadh ar mhórscála agus na deacrachtaí a bhíonn ann go minic maidir leis an ábhar sin a bhaint. Tá an gnáthriosca sin fós ann fiú tar éis ciontú. Dá bhrí sin, chun cearta íospartaigh na gcionta sin a chosaint go héifeachtach, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun an t-ábhar i dtrácht a bhaint. Ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh baint ag an bhfoinse indéanta i gcónaí, mar shampla mar gheall ar dheacrachtaí dlíthiúla nó praiticiúla a bhaineann le hordú chun aistriú a fhorghníomhú nó a fhorghníomhú, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit foráil a dhéanamh freisin d'orduithe chun rochtain ar an ábhar sin a bhlocáil.	(39) Tá riosca méadaithe íospartha i gceist le cionta áirithe a chumhdaítear leis an Treoir sin, go ndéanfar íospairt fhada nó íospairt leanúnach fiú. Tarlaíonn an riosca sin go háirithe i ndáil le cionta lena mbaineann ábhar pearsanta a scaipeadh ***le húsáideoirí*** deiridh ***eile***, trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, chomh maith le hábhar cibearchiaptha, i bhfianaise a éasca agus a thapúla is féidir an t-ábhar sin a dháileadh ar mhórscála agus na deacrachtaí a bhíonn ann go minic maidir leis an ábhar sin a bhaint. Tá an gnáthriosca sin fós ann fiú tar éis ciontú. Dá bhrí sin, chun cearta íospartaigh na gcionta sin a chosaint go héifeachtach, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun an t-ábhar i dtrácht a bhaint. Ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh baint ag an bhfoinse indéanta i gcónaí, mar shampla mar gheall ar dheacrachtaí dlíthiúla nó praiticiúla a bhaineann le hordú chun aistriú a fhorghníomhú nó a fhorghníomhú, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit foráil a dhéanamh freisin d'orduithe chun rochtain ar an ábhar sin a bhlocáil.

Leasú 33

Togra le haghaidh treorach
Aithris 44

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(44) Chun íospairt thánaisteach a sheachaint, ba cheart go mbeadh íospartaigh in ann cúiteamh a fháil le linn imeachtaí coiriúla. Ba cheart cúiteamh iomlán ón gciontóir a bheith iomlán agus níor cheart é a shrianadh le huasteorainn	(44) Chun íospairt thánaisteach a sheachaint, ba cheart go mbeadh íospartaigh in ann cúiteamh a fháil le linn imeachtaí coiriúla. Ba cheart cúiteamh iomlán ón gciontóir a bheith iomlán agus níor cheart é a shrianadh le huasteorainn

sheasta. Ba chóir go gclúdódh sé an dochar agus an tráma ar fad a bhíonn ag íospartaigh agus na costais a thabhaítear chun na damáistí a bhainistiú, lena n-áirítear, i measc nithe eile, costais teiripe, tionchar ar staid fostaíochta an íospartaigh, cailleadh tuillimh, damáistí síceolaíocha, agus dochar morálta de bharr shárú na dínite. Ba cheart go léireodh an cúiteamh go bhféadfadh sé go mbeadh ar íospartaigh foréigin teaghlaigh a saol a bhriseadh chun sábháilteacht a lorg, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le ***hathrú*** fostaíochta nó le scoileanna nua a aimsiú do leanaí nó fiú féiniúlacht nua a chruthú.	sheasta. Ba chóir go gclúdódh sé an dochar agus an tráma ar fad a bhíonn ag íospartaigh agus na costais a thabhaítear chun na damáistí a bhainistiú, lena n-áirítear, i measc nithe eile, costais teiripe, tionchar ar staid fostaíochta an íospartaigh, cailleadh tuillimh, damáistí síceolaíocha, agus dochar morálta de bharr shárú na dínite. Ba cheart go léireodh an cúiteamh go bhféadfadh sé go mbeadh ar íospartaigh foréigin teaghlaigh ***nó an chibearghríosaithe chun foréigin nó fuatha*** a saol a bhriseadh chun sábháilteacht a lorg, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le ***cailliúint nó athrú*** fostaíochta nó le scoileanna nua a aimsiú do leanaí nó fiú féiniúlacht nua a chruthú.

Leasú 34

Togra le haghaidh treorach
Aithris 45

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(45) Ba cheart cúnamh agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh an fhoréigin ***in aghaidh na mban*** agus d'íospartaigh foréigin teaghlaigh sula gcuirtear deireadh leis na himeachtaí coiriúla, lena linn agus ar feadh tréimhse iomchuí ina dhiaidh sin, mar shampla i gcás ina bhfuil gá fós le cóireáil leighis chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí tromchúiseacha fisiciúla nó síceolaíocha an fhoréigin, nó má tá sábháilteacht an íospartaigh i mbaol mar gheall ar na ráitis a rinne an t-íospartach sna himeachtaí sin.	(45) Ba cheart cúnamh agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh an fhoréigin ***inscnebhunaithe*** agus d'íospartaigh foréigin teaghlaigh sula gcuirtear deireadh leis na himeachtaí coiriúla, lena linn agus ar feadh tréimhse iomchuí ina dhiaidh sin, mar shampla i gcás ina bhfuil gá fós le cóireáil leighis chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí tromchúiseacha fisiciúla nó síceolaíocha an fhoréigin, nó má tá sábháilteacht an íospartaigh i mbaol mar gheall ar na ráitis a rinne an t-íospartach sna himeachtaí sin.

Leasú 35

Togra le haghaidh treorach
Aithris 46

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(46) Ba cheart do sheirbhísí speisialaithe	(46) Ba cheart do sheirbhísí speisialaithe

tacaíochta tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh gach cineál foréigin ***in aghaidh na mban*** agus foréigin teaghlaigh, lena n-áirítear foréigean gnéasach, ciorrú ball giniúna ban, pósadh éigeantais, ginmhilleadh éigeantach, steiriliú agus ciapadh gnéasach agus cineálacha éagsúla cibearfhoréigin.	tacaíochta tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh gach cineál foréigin ***inscnebhunaithe*** agus foréigin teaghlaigh, lena n-áirítear foréigean gnéasach, ciorrú ball giniúna ban, pósadh éigeantais, ginmhilleadh éigeantach, steiriliú agus ciapadh gnéasach***,*** agus cineálacha éagsúla cibearfhoréigin.

Leasú 36

Togra le haghaidh treorach
Aithris 47

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(47) Ba cheart go dtairgfeadh saintacaíocht d'íospartaigh tacaíocht a bheidh saincheaptha dá riachtanais shonracha, agus beag beann ar aon ghearán oifigiúil. D'fhéadfaí na seirbhísí sin a sholáthar de bhreis ar sheirbhísí ginearálta tacaíochta íospartach nó mar chuid de na seirbhísí tacaíochta sin, a d'fhéadfadh leas a bhaint as eintitis atá ann cheana lena soláthraítear tacaíocht speisialaithe. Féadfaidh údaráis náisiúnta, eagraíochtaí tacaíochta íospartach nó eagraíochtaí neamhrialtasacha eile saintacaíocht a sholáthar. Ba cheart acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais a thabhairt ***dóibh*** agus, i gcás inarb eagraíochtaí neamhrialtasacha a sholáthraíonn na seirbhísí, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfaighidh siad na cistí iomchuí.	(47) Ba cheart go dtairgfeadh saintacaíocht d'íospartaigh***, chomh maith lena gcleithiúnaithe,*** tacaíocht a bheidh saincheaptha dá riachtanais shonracha, agus beag beann ar aon ghearán oifigiúil. D'fhéadfaí na seirbhísí sin a sholáthar de bhreis ar sheirbhísí ginearálta tacaíochta íospartach nó mar chuid de na seirbhísí tacaíochta sin, a d'fhéadfadh leas a bhaint as eintitis atá ann cheana lena soláthraítear tacaíocht speisialaithe. Féadfaidh údaráis náisiúnta, eagraíochtaí tacaíochta íospartach nó eagraíochtaí neamhrialtasacha eile saintacaíocht a sholáthar. Ba cheart ***go n-áireofaí leo seirbhísí tacaíochta do mhná, tearmainn do mhná, línte cabhracha, géarchéim éignithe nó ionaid atreoraithe d'fhoréigean gnéasach, ach gan a bheith teoranta dóibh sin, chomh maith le seirbhísí cosca príomhúla. Ba cheart*** acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais a thabhairt ***do sheirbhísí tacaíochta speisialaithe*** agus, i gcás inarb eagraíochtaí neamhrialtasacha a sholáthraíonn na seirbhísí, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfaighidh siad na cistí iomchuí.

Leasú 37

Togra le haghaidh treorach
Aithris 48

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(48) De ghnáth bíonn ***iliomad riachtanas cosanta*** agus tacaíochta ag íospartaigh foréigin teaghlaigh agus foréigin ***in aghaidh na mban***. Chun aghaidh a thabhairt ar na nithe sin go héifeachtach, ba cheart do na Ballstáit na seirbhísí sin a sholáthar ag na háitribh chéanna, nó na seirbhísí sin a chomhordú trí phointe teagmhála lárnach. Chun a áirithiú go sroichfear íospartaigh i limistéir iargúlta freisin nó nach féidir leo dul i dteagmháil go fisiciúil leis na hionaid sin, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rochtain ar líne ar na seirbhísí sin. Ba cheart do na Ballstáit suíomh gréasáin aonair agus cothrom le dáta a bhunú ina gcuirfear an fhaisnéis ábhartha uile maidir leis na seirbhísí tacaíochta agus cosanta atá ar fáil agus an rochtain sin ar fáil (rochtain ar líne aon stad). Ba cheart go leanfadh an suíomh gréasáin na ceanglais inrochtaineachta do dhaoine faoi mhíchumas.	(48) De ghnáth bíonn ***riachtanais ilchosanta*** agus tacaíochta ag íospartaigh foréigin teaghlaigh agus foréigin ***inscnebhunaithe***. Chun aghaidh a thabhairt ar na nithe sin go héifeachtach, ba cheart do na Ballstáit na seirbhísí sin a sholáthar ag na háitribh chéanna, nó na seirbhísí sin a chomhordú trí phointe teagmhála lárnach. Chun a áirithiú go sroichfear íospartaigh i limistéir iargúlta freisin nó nach féidir leo dul i dteagmháil go fisiciúil leis na hionaid sin, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rochtain ar líne ar na seirbhísí sin. Ba cheart do na Ballstáit suíomh gréasáin aonair agus cothrom le dáta a bhunú ina gcuirfear an fhaisnéis ábhartha uile maidir leis na seirbhísí tacaíochta agus cosanta atá ar fáil agus an rochtain sin ar fáil (rochtain ar líne aon stad). Ba cheart go leanfadh an suíomh gréasáin na ceanglais inrochtaineachta do dhaoine faoi mhíchumas.

Leasú 38

Togra le haghaidh treorach
Aithris 49

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(49) Ba cheart a mheas go bhfuil seirbhísí tacaíochta speisialaithe, lena n-áirítear dídean agus ionad tarrthála iar-éignithe, bunriachtanach le linn géarchéimeanna agus staideanna éigeandála, lena n-áirítear le linn géarchéimeanna sláinte. Ba cheart leanúint de na seirbhísí sin a thairiscint sna cásanna sin, i gcás ina mbíonn borradh faoi chásanna d'fhoréigean teaghlaigh agus d'fhoréigean ***in aghaidh na mban***.	(49) Ba cheart a mheas go bhfuil seirbhísí tacaíochta speisialaithe, lena n-áirítear dídean agus ionad tarrthála iar-éignithe, bunriachtanach le linn géarchéimeanna agus staideanna éigeandála, lena n-áirítear le linn géarchéimeanna sláinte. Ba cheart leanúint de na seirbhísí sin a thairiscint sna cásanna sin, i gcás ina mbíonn borradh faoi chásanna d'fhoréigean teaghlaigh agus d'fhoréigean ***inscnebhunaithe***.

Leasú 39

Togra le haghaidh treorach
Aithris 50

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(50) I ngeall ar chineál traumaticach an fhoréigin ghnéasaigh, lena n-áirítear éigniú, tá freagairt an-íogair ag teastáil ó bhaill foirne oilte agus speisialaithe. Tá gá ag íospartaigh an chineáil foréigin sin le cúram leighis láithreach agus le tacaíocht tráma mar aon le scrúduithe fóiréinseacha láithreacha chun an fhianaise atá ag teastáil le haghaidh ionchúisimh a bhailiú. Ba cheart go mbeadh dóthain ionad tarrthála iar-éignithe nó ionad atreorúcháin um fhoréigean gnéasach ar fáil agus iad scaipthe go leordhóthanach ar chríoch gach Ballstáit. Ar an gcaoi chéanna, is iondúil go mbíonn tacaíocht spriocdhírithe de dhíth ar íospartaigh ciorraithe ball giniúna ban, ar cailíní iad go minic. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh siad tacaíocht thiomnaithe ar fáil atá saincheaptha do na híospartaigh sin.	(50) I ngeall ar chineál traumaticach an fhoréigin ghnéasaigh, lena n-áirítear éigniú, tá freagairt an-íogair ***ó thaobh inscne de*** ag teastáil ó bhaill foirne oilte agus speisialaithe. Tá gá ag íospartaigh an chineáil foréigin sin le cúram leighis láithreach agus le tacaíocht tráma mar aon le scrúduithe fóiréinseacha láithreacha chun an fhianaise atá ag teastáil le haghaidh ionchúisimh a bhailiú. Ba cheart go mbeadh dóthain ionad tarrthála iar-éignithe nó ionad atreorúcháin um fhoréigean gnéasach ar fáil agus iad scaipthe go leordhóthanach ar chríoch gach Ballstáit. Ar an gcaoi chéanna, is iondúil go mbíonn tacaíocht spriocdhírithe de dhíth ar íospartaigh ciorraithe ball giniúna ban, ar cailíní iad go minic. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh siad tacaíocht thiomnaithe ar fáil atá saincheaptha do na híospartaigh sin.

Leasú 40

Togra le haghaidh treorach
Aithris 50 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(50a) Tá foréigean agus ciapadh i saol na hoibre do-ghlactha agus neamh-chomhoiriúnach d'obair chuibhiúil. Bíonn tionchar aige ar shláinte shíceolaíoch, fhisiceach agus ghnéasach, ar dhínit, agus ar thimpeallacht teaghlaigh agus shóisialta, chomh maith le cáilíocht seirbhísí poiblí agus príobháideacha. Go háirithe, is féidir leis cosc a chur ar dhaoine, go háirithe mná,

	rochtain a fháil ar mhargadh an tsaothair, agus fanacht ann agus dul chun cinn a dhéanamh ann agus, dá bhrí sin, is bagairt é ar chomhionannas deiseanna. Bíonn tionchar diúltach aige freisin ar eagrú na hoibre, ar chaidreamh san ionad oibre, ar rannpháirtíocht oibrithe, ar cháil fiontraíochta agus ar tháirgiúlacht.

Leasú 41

Togra le haghaidh treorach
Aithris 51

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(51) Meastar gur idirdhealú ar bhonn inscne é ciapadh ***ag an obair*** le Treoir 2004/113/CE, le Treoir 2006/54/CE agus le Treoir 2010/41/AE ***ó Pharlaimint na hEorpa*** agus ón ***gComhairle. Ós rud é go bhfuil iarmhairtí diúltacha suntasacha*** ag an ***gciapadh gnéasach*** ag an obair ***do na híospartaigh agus do na fostóirí araon, ba cheart comhairle a chur ar fáil d'íospartaigh agus d'fhostóirí araon maidir le haghaidh a thabhairt ar na cásanna sin ag an láthair oibre, maidir le réitigh dhlíthiúla atá ar fáil don fhostóir chun an ciontóir a bhaint ón láthair oibre agus maidir leis an bhféidearthacht luath-idir-réitigh a chur ar fáil, más mian leis an íospartach é sin a dhéanamh***.	(51) Meastar gur idirdhealú ar bhonn inscne é ciapadh ***i saol na hoibre*** le Treoir 2004/113/CE, le Treoir 2006/54/CE agus le Treoir 2010/41/AE***. Tá feidhm ag Coinbhinsiún Uimh. 190 EIS maidir le foréigean*** agus ***ciapadh i saol na hoibre a tharlaíonn le linn na hoibre, a bhaineann leis an obair nó a éiríonn as an obair. De réir Airteagal 3 den Choinbhinsiún, tá feidhm ag an gCoinbhinsiún maidir leis an áit oibre, lena n-áirítear na háiteanna ina n-íoctar an t-oibrí, ina dtógann sé sos, nó ina n-úsáideann sé/sí, saoráidí, le linn turais a bhaineann leis an obair, páirt a ghlacadh i gcumarsáid a bhaineann leis an obair, nuair a bhíonn sé ag comaitéireacht chuig an obair agus*** ón ***obair nó nuair a bhíonn sé*** ag ***fanacht i gcóiríocht arna soláthar ag*** an ***bhfostóir. Dá bhrí sin, aithnítear sa Choinbhinsiún gur féidir le foréigean le linn fostaíochta tarlú lasmuigh den áit oibre thraidisiúnta, agus d'fhéadfadh baint a bheith aige le hiarmhairtí an fhoréigin teaghlaigh*** ag an obair.

Leasú 42

Togra le haghaidh treorach
Aithris 51 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(51a) Ós rud é go bhfuil iarmhairtí diúltacha suntasacha ag foréigean agus ciapadh inscnebhunaithe, go háirithe ciapadh i saol na hoibre, ar gach duine i saol na hoibre, agus tionchar aige sin, go háirithe, ar rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair, ar chaidreamh san ionad oibre, ar neamhláithreacht mhéadaithe, ar shaoire bhreoiteachta fhadtéarmach agus ar tháirgiúlacht, agus dá bharr sin ar chailliúint ioncaim nó deiseanna amach anseo, ba cheart do sheirbhísí seachtracha speisialaithe comhairle a chur ar fáil d'oibrithe agus d'fhostóirí araon maidir leis na cásanna sin i saol na hoibre a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu go leordhóthanach, lena n-áirítear trí idirphlé sóisialta, agus maidir le leigheasanna dlíthiúla atá ar fáil do na híospartaigh, lena n-áirítear maidir le roghanna agus leigheasanna d'fhostóirí chun an ciontóir a bhaint ón ionad oibre agus chun an deis idir-réitigh luath a sholáthar, más mian leis an íospartach sin. Ba cheart an tacaíocht sin a bheith speisialaithe, inscne-íogair, saor in aisce agus faoi rún. Tá ról ríthábhachtach ag na comhpháirtithe sóisialta maidir le foréigean inscnebhunaithe a chosc, a shainaithint agus a chomhrac i saol na hoibre, chomh maith le tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh. Chun oibrithe a chosaint agus chun aghaidh a thabhairt ar an eagla roimh íospairt i gcás foréigean a thagann chun cinn san ionad oibre, ba cheart go mbeidís in ann ionadaíocht a fháil ó cheardchumann nó ó ionadaí oibrithe eile.

Leasú 43

Togra le haghaidh treorach
Aithris 51 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(51b) Is minic gur íospartaigh foréigin agus ciaptha spriocdhírithe iad mná atá gníomhach sa saol poiblí amhail polaiteoirí, iriseoirí, cosantóirí chearta an duine agus iad siúd atá gníomhach sa tsochaí shibhialta agus i réimsí eile den saol poiblí, rud a d'fhéadfadh a bheith ina dtost agus ag cur bac ar a rannpháirtíocht sa tsochaí, rud a bhaineann an bonn de phrionsabal an daonlathais[1a]. Is minic go ndéantar ionsaí ar chomhaltaí ban parlaiminte atá gníomhach sa chomhrac i gcoinne an neamhionannais inscne agus an fhoréigin inscnebhunaithe.
	[1a] Féach, mar shampla, staidéar arna choimisiúnú ag an Aontas Idirpharlaiminteach: http://www.assembly.coe.int/LifeRay/EGA/WomenFFViolence/2018/20181016-WomenParliamentIssues-EN.pdf

Leasú 44

Togra le haghaidh treorach
Aithris 51 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(51c) Chomh maith leis na hiarmhairtí tromchúiseacha agus tráma d'íospartaigh go pearsanta, is féidir le foréigean teaghlaigh tionchar a imirt freisin ar fhostaíocht, ar tháirgiúlacht, agus ar shláinte agus sábháilteacht. Mar chuid de bhearta eile, tá ról lárnach ag na comhpháirtithe sóisialta agus cuidíonn siad le héifeachtaí an fhoréigin agus an chiaptha inscnebhunaithe i saol na hoibre a aithint, freagairt dóibh agus aghaidh a thabhairt orthu. Chun tacú le híospartaigh trí aistrithe deacra agus

chun cabhrú leo fanacht ina bhfórsa saothair, agus ar an gcaoi sin a n-acmhainní eacnamaíocha agus a neamhspleáchas airgeadais a choimirciú, ba cheart do na Ballstáit an ceart chun saoire le pá ar feadh tréimhse iomchuí a thabhairt d'oibrithe.

Leasú 45

Togra le haghaidh treorach
Aithris 51 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(51d) Chun tacú le hoibrithe ar íospartaigh foréigin agus ciaptha inscnebhunaithe agus foréigin teaghlaigh iad fanacht san fhórsa oibre, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil sé de cheart ag na hoibrithe sin socruithe oibre solúbtha gearrthéarmacha a iarraidh chun a bpatrúin oibre a choigeartú, lena n-áirítear, i gcás inar féidir, trí úsáid a bhaint as socruithe cianoibre nó trí shuíomh oibre a aistriú, trí sceidil sholúbtha oibre, nó trí laghdú ar uaireanta oibre. Ba cheart do na Ballstáit an ré agus na gnéithe eile a chinneadh maidir leis na socruithe solúbtha oibre sin.

Leasú 46

Togra le haghaidh treorach
Aithris 51 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(51e) Ba cheart d'oibrithe ar íospartaigh foréigin iad a bheith in ann tacaíocht agus comhairle dlí a fháil san ionad oibre, agus aird chuí á tabhairt ar mhéid an fhostóra. Cé gur féidir le mí-úsáid teaghlaigh difear a dhéanamh don obair laethúil nó don tsábháilteacht ag an obair

agus a bheith ina cúis le foréigean, ciapadh, stalcaireacht agus ionsaí san ionad oibre, d'fhéadfadh an obair a bheith ina toisc choisctheach agus chosantach i saol na n-íospartach, trí chosaint a thabhairt ar an bhforéigean agus ar an mí-úsáid, agus mar áit shábháilte chun cabhair a lorg. D'fhéadfadh ionaid oibre a bheith ríthábhachtach chun feasacht a mhúscailt maidir le foréigean inscnebhunaithe, chun é a shainaithint agus chun tacú le híospartaigh.

Leasú 47

Togra le haghaidh treorach
Aithris 51 f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(51f) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh fostóirí, i gcomhairle le hionadaithe na n-oibrithe, go háirithe ceardchumainn, agus i gcomhréir lena sainchúraimí, bearta iomchuí chun cásanna foréigin agus ciaptha i saol na hoibre a chosc agus chun aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear cibearfhoréigean, agus chun íospartaigh an fhoréigin a shainaithint agus tacaíocht leordhóthanach a chur ar fáil dóibh. Ba cheart rochtain a bheith ag íospartaigh ar leigheasanna dlí, faisnéis agus ceart chun tacaíocht a fháil ó ionadaithe oibrithe, lena n-áirítear ceardchumainn, má iarrtar sin.

Leasú 48

Togra le haghaidh treorach
Aithris 51 g (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(51g) Is féidir ról lárnach a bheith ag na

comhpháirtithe sóisialta maidir le haghaidh a thabhairt ar chiapadh i saol na hoibre agus ar fhoréigean teaghlaigh, trí bhearta ábhartha. Ós rud é go bhfuil teilea-obair bhaile ar fáil níos mó agus níos mó, d'fhéadfadh láthair an fhoréigin teaghlaigh a bheith mar láthair oibre an íospartaigh. Is féidir le fostóirí agus ceardchumainn rannchuidiú freisin le cásanna d'fhoréigean teaghlaigh a shainaithint, chun tacú le híospartaigh agus chun aghaidh a thabhairt ar thionchar an fhoréigin teaghlaigh ar an saol gairmiúil. Tá go leor samplaí ann cheana féin de dhea-chleachtais agus de chomhaontuithe maidir le beartais san ionad oibre a thugann tacaíocht d'íospartaigh foréigin teaghlaigh, rud a chuireann ar a gcumas leanúint de bheith ag obair go sábháilte.

Leasú 49

Togra le haghaidh treorach
Aithris 51 h (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(51h) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na comhpháirtithe sóisialta in ann cómhargáil a dhéanamh ar bhearta san ionad oibre chun ciapadh agus cibearfhoréigean a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu i saol na hoibre, agus chun íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh a shainaithint agus tacú leo. Ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun cómhargáil a chur chun cinn maidir le cleachtais san ionad oibre a bhaineann le cásanna ciaptha, cibearfhoréigin agus foréigin teaghlaigh a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear trí fheachtais múscailte feasachta agus trí oiliúint a chur ar fhostóirí agus ar oibrithe, ar ionadaithe oibrithe lena n-áirítear ceardchumainn agus ionadaithe sláinte agus sábháilteachta san ionad

oibre.

Leasú 50

Togra le haghaidh treorach
Aithris 51 i (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(51i) Ba cheart do na Ballstáit feabhas a chur ar fheidhmiú cigireachtaí saothair le cistí, acmhainní, foireann agus oiliúint riachtanach chun rialuithe agus cigireachtaí allamuigh atá éifeachtach, comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach a áirithiú, lena n-áirítear gnáthchuairteanna agus cuairteanna gan réamhfhógra, chun cásanna d'fhoréigean inscnebhunaithe, gnéaschiapadh agus cibearfhoréigean i saol na hoibre a bhrath agus cosaint oibrithe a neartú. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go mbeidh rochtain ag eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar oibrithe, go háirithe ceardchumainn, ar an ionad oibre agus, le comhaontú na n-oibrithe, ar shonraí oibrithe.

Leasú 51

Togra le haghaidh treorach
Aithris 52

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(52) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-oibrítear línte cabhracha náisiúnta faoin uimhir chomhchuibhithe AE [116016] agus go bhfógrófar an uimhir sin go forleathan mar uimhir phoiblí, saor in aisce agus ar fáil ar an oíche. Ba cheart go ***n-áireofaí sa*** tacaíocht a chuirtear ar fáil comhairleoireacht i gcás géarchéime agus ba cheart go mbeadh sí in ann tagairt a dhéanamh do sheirbhísí duine le duine,	(52) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-oibrítear línte cabhracha náisiúnta faoin uimhir chomhchuibhithe AE [116016] agus go bhfógrófar an uimhir sin go forleathan mar uimhir phoiblí, saor in aisce agus ar fáil ar an oíche. Ba cheart go ***mbeadh rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar an*** tacaíocht a chuirtear ar fáil***, ba cheart go n-áireofaí leis*** comhairleoireacht i gcás géarchéime agus

amhail dídean, ionaid chomhairleoireachta nó na póilíní.

ba cheart go mbeadh sí in ann tagairt a dhéanamh do sheirbhísí duine le duine, amhail dídean, ionaid chomhairleoireachta nó na póilíní.

Leasú 52

Togra le haghaidh treorach
Aithris 53

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(53) Tá ról ríthábhachtach ag dídean chun íospartaigh a chosaint ar ghníomhartha foréigin. Seachas áit shábháilte fanachta a chur ar fáil, ba cheart ***do dhídean*** an tacaíocht is gá a chur ar fáil maidir le fadhbanna a bhfuil baint acu lena chéile a bhaineann le sláinte na n-íospartach, staid airgeadais agus folláine a gcuid leanaí, agus íospartaigh á n-ullmhú ar deireadh do shaol neamhspleách.	(53) Tá ról ríthábhachtach ag dídean chun íospartaigh a chosaint ar ghníomhartha foréigin. Seachas áit shábháilte fanachta a chur ar fáil, ba cheart ***d'fhothanacha*** an tacaíocht is gá a chur ar fáil maidir le fadhbanna a bhfuil baint acu lena chéile a bhaineann le sláinte na n-íospartach, staid airgeadais agus ***fostaíochta agus*** folláine a gcuid leanaí, agus íospartaigh á n-ullmhú ar deireadh do shaol neamhspleách. ***Ba cheart dídean agus cóiríocht eatramhach iomchuí eile a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais shonracha íospartach faoi mhíchumas.***

Leasú 53

Togra le haghaidh treorach
Aithris 56

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(56) Ba cheart cosaint agus tacaíocht shonrach a fháil d'íospartaigh atá i mbaol ***méadaithe*** foréigin ***in aghaidh na mban nó foréigean*** teaghlaigh, amhail ***mná*** faoi mhíchumas, ***mná*** a bhfuil stádas cónaithe cleithiúnach acu ***nó a bhfuil cead acu, mná ar*** imircigh ***iad, mná*** ar ***iarrthóirí ar*** chosaint idirnáisiúnta ***iad, mná*** atá ag teitheadh ó choinbhleacht armtha, ***mná*** atá buailte ag easpa dídine, a bhfuil cúlra ***mionlaigh*** ciníoch nó eitneach acu, atá ***ina gcónaí*** i gceantair thuaithe, oibrithe gnéis ***ban***, daoine ***atá faoi choinneáil nó mná***	(56) Ba cheart cosaint agus tacaíocht shonrach a fháil d'íospartaigh ***a bhfuil riachtanais shonracha acu agus grúpaí*** atá i mbaol foréigin ***inscnebhunaithe nó foréigin*** teaghlaigh, amhail ***daoine*** faoi mhíchumas, ***daoine*** a bhfuil stádas ***nó cead*** cónaithe cleithiúnach acu***,*** imircigh ***gan doiciméid, iarratasóirí*** ar chosaint idirnáisiúnta***, daoine*** atá ag teitheadh ó choinbhleacht armtha, ***daoine*** atá buailte ag easpa dídine, ***daoine*** a bhfuil cúlra ciníoch nó eitneach ***mionlaigh*** acu, ***daoine LADTIA+, máithreacha*** atá ***ag súil leo***

níos sine.

agus máithreacha nua, daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe, ***daoine a bhfuil cónaí orthu in institiúidí,*** oibrithe gnéis, ***cimí,*** daoine ***scothaosta, leanaí, íospartaigh 'coireanna onóra', mar a thugtar orthu***.

Leasú 54

Togra le haghaidh treorach
Aithris 57

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(57) Is minic a bhíonn deacrachtaí ag ***mná atá*** faoi mhíchumas ***foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh agus mar gheall*** ar a ***míchumas, bíonn deacrachtaí acu*** rochtain a fháil ar ***bhearta*** cosanta agus tacaíochta. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur féidir le híospartaigh faoi mhíchumas tairbhe iomlán a bhaint as na cearta a leagtar amach sa Treoir sin, ar bhonn comhionann le daoine eile, agus aird chuí á tabhairt ag an am céanna ar a ***leochailí atá na híospartaigh sin ó thaobh foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh de***.	(57) ***Bíonn gach cineál foréigin inscnebhunaithe agus foréigin teaghlaigh laistigh agus lasmuigh dá mbaile araon ag mná agus cailíní faoi mhíchumas, lena n-áirítear íospartaigh steirilithe éigeantais. Mar gheall ar easpa beart cosanta agus tacaíochta inrochtana,*** is minic a bhíonn deacrachtaí ag ***íospartaigh*** faoi mhíchumas ***labhairt*** ar a ***son féin, éisteacht a fháil agus go gcreidfeadh daoine iad agus*** rochtain a fháil ar ***na bearta*** cosanta agus tacaíochta ***sin***. ***Is minic nach mbíonn rochtain ar an bpróiseas chun foréigean a thuairisciú mar gheall ar bheartais agus caighdeáin neamhleora, dearcthaí diúltacha, bacainní fisiciúla, faisnéis agus cumarsáid atá gann, easpa soláthair seirbhíse, cistiú neamhleor agus mainneachtain ról a thabhairt d'íospartaigh faoi mhíchumas i gcinntí a dhéanann difear díreach dá saol. Dá bhrí sin,*** ba cheart do na Ballstáit a ***seirbhísí tacaíochta a oiriúnú dá réir, oiliúint leordhóthanach a chur ar fáil do ghníomhaithe ábhartha agus a*** áirithiú gur féidir le híospartaigh faoi mhíchumas tairbhe iomlán a bhaint as na cearta a leagtar amach sa Treoir sin, ar bhonn comhionann le daoine eile, agus aird chuí á tabhairt ag an am céanna ar ***leochaileacht ar leith na n-íospartach sin agus ar na deacrachtaí is dócha*** a ***bheidh acu maidir le bheith in ann cabhair a lorg, nó é a***

fháil.

Leasú 55

Togra le haghaidh treorach
Aithris 58

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(58) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar bearta coisctheacha, amhail feachtais ***ardaithe*** feasachta, chun an foréigean ***in aghaidh na mban*** agus an ***foréigean teaghlaigh a chomhrac***. Ba cheart cosc a chur ***san*** oideachas foirmiúil freisin, go háirithe, trí oideachas gnéasachta agus inniúlachtaí ***soch-mhothúchánach*** a neartú, trí ionbhá agus trí chaidrimh ***fholláine measúla*** a fhorbairt.	(58) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar bearta coisctheacha, amhail feachtais ***muscailte*** feasachta, chun an foréigean ***inscnebhunaithe a chomhrac. Ba cheart feasacht speisialta a dhíriú ar fheachtais múscailte feasachta do mhná a fhulaingíonn idirdhealú*** agus ***foréigean ar bhonn teaglaim dá ngnéas agus de fhorais eile, agus d'íospartaigh atá i mbaol méadaithe foréigin teaghlaigh agus*** an ***stiogma a bhaineann leis, agus ba cheart gach duine, lena n-áirítear na híospartaigh féin, a chur ar an eolas faoi chomharthaí foréigin agus mí-úsáide***. Ba cheart cosc a chur ***ar an*** oideachas foirmiúil freisin, go háirithe, trí oideachas gnéasachta ***cuimsitheach*** agus inniúlachtaí ***sochmhothúchánacha*** a neartú, trí ionbhá ***a dhéanamh*** agus trí chaidrimh ***shláintiúla mheasúla*** a fhorbairt ***agus béim ar leith á leagan ar aghaidh a thabhairt ar bhuachaillí agus ar fhir óga***.

Leasú 56

Togra le haghaidh treorach
Aithris 59

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(59) Ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun cosc a chur ar steiréitíopaí díobhálacha inscne a shaothrú chun deireadh a chur leis an smaoineamh maidir le neamhíonacht na mban nó róil steiréitíopacha na mban agus na bhfear. D'fhéadfaí a áireamh leis sin freisin bearta	(59) Ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun cosc a chur ar steiréitíopaí díobhálacha inscne ***atá ann cheana*** a shaothrú***, agus a dhíchóimeáil*** chun deireadh a chur leis an smaoineamh maidir le neamhíonacht na mban nó róil steiréitíopacha na mban agus na bhfear.

arb é is aidhm dóibh a áirithiú nach mbreathnófaí ar an gcultúr, ar an nós, ar an reiligiún, ar an traidisiún ná ar an onóir mar údar le cionta foréigin ***in aghaidh na mban nó foréigean*** teaghlaigh ***ná go gcaithfí*** leo ar bhealach níos ***trócairí. Ós*** rud é, ó aois an-óg ar aghaidh, go nochtar leanaí do róil inscne a mhúnlaíonn a bhféinthuairim agus a imríonn tionchar ar a roghanna acadúla agus gairmiúla chomh maith lena róil mar mhná agus fir ar feadh a saoil, tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí inscne ***amhail oideachas*** agus ***cúram luathóige***.

D'fhéadfaí a áireamh leis sin freisin bearta arb é is aidhm dóibh a áirithiú nach mbreathnófaí ar an gcultúr, ar an nós, ar an reiligiún, ar an traidisiún ná ar an onóir ***ná nach n-úsáidfí iad riamh*** mar údar le cionta foréigin ***inscnebhunaithe nó foréigin*** teaghlaigh***, nó chun caitheamh*** leo ar bhealach níos ***boige.***
Ós rud é, ó aois an-óg ar aghaidh, go nochtar leanaí do róil inscne a mhúnlaíonn a bhféinthuairim agus a imríonn tionchar ar a roghanna acadúla agus gairmiúla chomh maith lena róil mar mhná agus fir ar feadh a saoil, tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí inscne agus ***ar urraim do thoiliú sainráite agus neamhspleáchas coirp ó thaobh oideachais agus cúraim luath-óige de***. ***San ionad oibre, is féidir ról ríthábhachtach a bheith ag cláir oiliúna agus múscailte feasachta maidir le dul i ngleic le steiréitíopaí agus maidir leis an gcultúr a athrú ó bhonn laistigh agus lasmuigh den obair. Ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh freisin chun cosc a chur ar an bhforéigean inscnebhunaithe agus ar an gciapadh ag an obair ar fhorais toirchis nó tuismíochta le déanaí.***

Leasú 57

Togra le haghaidh treorach
Aithris 60

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(60) Chun a áirithiú go ***ndéanfar*** íospartaigh an fhoréigin ***in aghaidh na mban*** agus an fhoréigin teaghlaigh ***a shainaithint*** agus ***an*** tacaíocht iomchuí ***a fháil***, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfaighidh gairmithe ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh oiliúint agus faisnéis spriocdhírithe. Ba cheart go ***gcumhdófaí leis*** an oiliúint an ***baol go mbeadh imeaglú, ath-íospairt*** agus íospairt thánaisteach ***agus conas iad*** a chosc agus	(60) Chun a áirithiú go ***sainaithneofar*** íospartaigh an fhoréigin ***inscnebhunaithe*** agus an fhoréigin teaghlaigh agus ***go bhfaighidh siad*** tacaíocht iomchuí, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfaighidh gairmithe ***san earnáil phoiblí, san earnáil phríobháideach agus san earnáil sochaí sibhialta, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta,*** ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh oiliúint ***rialta*** agus ***éigeantach agus***

infhaighteacht bearta cosanta agus tacaíochta ar fáil d'íospartaigh. Ba cheart oiliúint a chur ar dhaoine a bhfuil feidhmeanna maoirseachta acu ***chun cosc a chur ar chásanna gnéaschiaptha ag an obair agus chun aghaidh a thabhairt orthu go hiomchuí. Ba*** cheart go gcumhdódh an oiliúint sin freisin measúnuithe maidir le ***ciapadh gnéasach ag an obair*** agus maidir leis na rioscaí sábháilteachta síceasóisialta agus sláinte a bhaineann leis dá dtagraítear faoi Threoir 89/391/CEE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45]. Ba cheart go gcumhdófaí freisin le gníomhaíochtaí oiliúna an baol go dtarlódh foréigean tríú páirtí. Ba cheart go gcuimseodh sé freisin an baol go dtarlódh foréigean tríú páirtí, ina dtagraítear d'fhoréigean a d'fhéadfadh a bheith ar an bhfoireann san ionad oibre, foréigean nach bhfuil i lámha comhoibrí agus lena n-áirítear cásanna, amhail altraí atá á gciapadh go gnéasach ag othar.

faisnéis spriocdhírithe***, go háirithe agus riachtanais íospartach faoi mhíchumas á gcur san áireamh***. Ba cheart go ***mbeadh*** an oiliúint ***íogair ó thaobh inscne agus míchumais de agus go gcumhdófaí léi*** an ***riosca a bhaineann le himeaglú, íospairt athdhéanta*** agus íospairt thánaisteach a chosc agus bearta cosanta agus tacaíochta ***a bheith*** ar fáil d'íospartaigh. Ba cheart ***go n-áireofaí leo freisin cosc agus sainaithint foréigin, cibearfhoréigin agus ciaptha i saol na hoibre agus sainaithint na ngrúpaí is leochailí agus faoi mhíbhuntáiste a bhfuil baol ann go minic nach gcreidtear iad agus iad ag tuairisciú, amhail imircigh, LADTIA+ nó daoine faoi mhíchumas. Chun cásanna gnéaschiaptha, cibearfhoréigin i saol na hoibre a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu go hiomchuí, agus chun cásanna foréigin teaghlaigh agus a iarmhairtí ar oibrithe a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, ba cheart*** oiliúint a chur ***freisin*** ar dhaoine a bhfuil feidhmeanna maoirseachta acu ***agus ar ionadaithe oibrithe chomh maith***
Ba cheart go gcumhdódh an oiliúint sin freisin measúnuithe maidir le ***gnéaschiapadh ,cibearfhoréigean*** agus ***foréigean teaghlaigh i saol na hoibre, agus*** maidir leis na rioscaí sábháilteachta síceasóisialta agus sláinte a bhaineann leis dá dtagraítear faoi Threoir 89/391/CEE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45]. Ba cheart go gcumhdófaí freisin le gníomhaíochtaí oiliúna an baol go dtarlódh foréigean tríú páirtí. Ba cheart go gcuimseodh sé freisin an baol go dtarlódh foréigean tríú páirtí, ina dtagraítear d'fhoréigean a d'fhéadfadh a bheith ar an bhfoireann san ionad oibre, foréigean nach bhfuil i lámha comhoibrí agus lena n-áirítear cásanna, amhail altraí atá á gciapadh go gnéasach ag othar.

[45] Treoir 89/391/CEE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a

[45] Treoir 89/391/CEE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a

thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).	thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

Leasú 58

Togra le haghaidh treorach
Aithris 60 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(60a) Ba cheart d'fhostóirí cultúr a áirithiú atá bunaithe ar urraim fhrithpháirteach agus ar dhínit chun foréigean agus ciapadh a chosc i saol na hoibre i gcomhréir lena sainchúraimí, lena n-áirítear trí bheartas cuimsitheach inscne-fhreagrúil san ionad oibre maidir le foréigean agus ciapadh inscnebhunaithe a ghlacadh agus a chur chun feidhme i gcomhairle le hoibrithe agus lena n-ionadaithe, comhairleoir rúnda ainmnithe a cheapadh, gan aon chóir dhochrach ná iarmhairtí san ionad oibre a áirithiú d'íospartaigh foréigin agus ciaptha inscnebhunaithe, agus foréigean agus ciapadh inscnebhunaithe á gcur san áireamh i mbainistiú agus measúnú riosca na sábháilteachta agus na sláinte ceirde agus faisnéis agus oiliúint rialta a chur ar fáil do gach oibrí agus dá n-ionadaithe maidir leis na guaiseacha sainaitheanta agus na rioscaí foréigin agus ciaptha.

Leasú 59

Togra le haghaidh treorach
Aithris 60 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(60b) Ba cheart a áirithiú leis an Treoir sin gur cheart feidhm a bheith ag bearta coisctheacha agus cosanta arb é is aidhm leo foréigean, idirdhealú agus ciapadh ag

	an obair a chomhrac, lena n-áirítear foréigean tríú páirtí agus ciapadh ag custaiméirí, cliaint, cuairteoirí, othair, de réir mar is infheidhme, agus níor cheart iad a theorannú do chásanna ar leith ar fhorais idirdhealaitheacha. Ba cheart do na Ballstáit, i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, foráil a dhéanamh maidir le bearta cosanta éifeachtacha.

Leasú 60

Togra le haghaidh treorach
Aithris 61

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(61) Chun gníomhú i gcoinne tearcthuairiscithe, ba cheart do na Ballstáit idirchaidreamh a dhéanamh le húdaráis forfheidhmithe dlí chun oiliúint a fhorbairt, go háirithe maidir le steiréitíopaí díobhálacha inscne, ach freisin maidir le cionta a chosc, i bhfianaise a ndlúththeagmhála le grúpaí atá i mbaol foréigin agus le híospartaigh.	(61) Chun gníomhú i gcoinne tearcthuairiscithe, ba cheart do na Ballstáit idirchaidreamh a dhéanamh le húdaráis forfheidhmithe dlí chun oiliúint a fhorbairt, go háirithe maidir le steiréitíopaí ***agus claontachtaí*** díobhálacha inscne, ***lena n-áirítear ilfhorais idirdhealaithe,*** ach freisin maidir le cionta a chosc, i bhfianaise a ndlúththeagmhála le grúpaí atá i mbaol foréigin agus le híospartaigh ***Ba cheart do na Ballstáit aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí sochaí sibhialta na mban, lena n-áirítear eagraíochtaí a oibríonn le mná atá i mbaol níos mó go bhfulaingeoidh siad foréigean inscnebhunaithe, mar chomhpháirtithe i bhforbairt agus i gcur chun feidhme beartas agus ba cheart dóibh, i gcás inarb ábhartha, iad a áireamh in obair comhlachtaí rialtais agus coistí atá ag obair chun foréigean inscnebhunaithe agus foréigean teaghlaigh a chomhrac. Ina theannta sin, ba cheart dul i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha eile maidir le saincheisteanna ábhartha, amhail na comhpháirtithe sóisialta i ndáil le foréigean inscnebhunaithe agus gnéaschiapadh ag an obair.***

Leasú 61

Togra le haghaidh treorach
Aithris 62

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(62) Ba cheart cláir ***idirghabhála a chur ar bun*** chun an ***baol go ndéanfar*** cionta ***(arís is arís eile) d'fhoréigean in aghaidh na mban nó d'fhoréigean*** teaghlaigh a chosc agus a íoslaghdú. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm shonrach leis na cláir ciontóirí nó iad siúd atá i mbaol a gcionta a theagasc conas iompar neamhfhoréigneach a ghlacadh i gcaidrimh idirphearsanta agus conas cur i gcoinne patrúin iompraíochta foréigneacha. Ba cheart do na cláir ciontóirí a spreagadh chun freagracht a ghlacadh as a ngníomhaíochtaí agus a ndearcthaí agus a dtuairimí i leith na ***mban*** a scrúdú.	(62) Ba cheart cláir ***luath-idirghabhála a bhunú*** chun an ***riosca a bhaineann le*** cionta ***foréigin inscnebhunaithe nó foréigin*** teaghlaigh a chosc agus a íoslaghdú***, lena n-áirítear an baol go ndéanfar na cionta sin arís***. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm shonrach leis na cláir ciontóirí nó iad siúd atá i mbaol a gcionta a theagasc conas iompar neamhfhoréigneach a ghlacadh i gcaidrimh idirphearsanta agus conas cur i gcoinne patrúin iompraíochta foréigneacha. Ba cheart do na cláir ciontóirí a spreagadh chun freagracht a ghlacadh as a ngníomhaíochtaí agus a ndearcthaí agus a dtuairimí i leith na ***n-íospartach*** a scrúdú.

Leasú 62

Togra le haghaidh treorach
Aithris 64

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(64) Ní féidir beartais a cheapadh chun dul i ngleic go ***leordhóthanach*** le foréigean ***in aghaidh na mban*** agus le foréigean teaghlaigh ach amháin ar bhonn sonraí imdhealaithe cuimsitheacha agus inchomparáide. Chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar fhorbairtí sna Ballstáit agus chun bearnaí i sonraí inchomparáide a líonadh, ba cheart do na Ballstáit suirbhéanna a dhéanamh go rialta ag baint úsáide as modheolaíocht chomhchuibhithe an Choimisiúin (Eurostat) chun sonraí a bhailiú agus na sonraí sin a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat).	(64) Ní féidir beartais a cheapadh chun dul i ngleic go ***leormhaith*** le foréigean ***inscnebhuniathe*** agus le foréigean teaghlaigh ach amháin ar bhonn sonraí imdhealaithe cuimsitheacha agus inchomparáide. Chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar fhorbairtí sna Ballstáit agus chun bearnaí i sonraí inchomparáide a líonadh, ba cheart do na Ballstáit suirbhéanna a dhéanamh go rialta ag baint úsáide as modheolaíocht chomhchuibhithe an Choimisiúin (Eurostat) chun sonraí a bhailiú agus na sonraí sin a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat).

Leasú 63

Togra le haghaidh treorach
Aithris 65

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(65) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na sonraí a bhailítear teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach i ndáil le tacú le faireachán ar leitheadúlacht agus treochtaí an fhoréigin ***in aghaidh na mban*** agus an fhoréigin teaghlaigh agus straitéisí nua beartais a cheapadh sa réimse sin. Agus na sonraí a bhailítear á roinnt, níor cheart aon sonraí pearsanta a chur san áireamh.	(65) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na sonraí a bhailítear teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach i ndáil le tacú le faireachán ar leitheadúlacht agus treochtaí an fhoréigin ***inscnebhunaithe*** agus an fhoréigin teaghlaigh agus straitéisí nua beartais a cheapadh sa réimse sin. ***Ba cheart go n-áireofaí ar na sonraí a bhailítear an comhthéacs inar tharla an cion, amhail sa bhaile, san ionad oibre nó ar líne, chomh maith le faisnéis faoi cibé acu atá nó nach bhfuil íospartach i mbaol níos airde go bhfulaingeoidh sé foréigean inscnebhunaithe, toisc go bhféadfadh an fhaisnéis sin a bheith ina bonn eolais do ghníomhaíochtaí beartais spriocdhírithe amach anseo. Ba cheart a áireamh ann freisin an ndearnadh foréigean in aghaidh íospartach a ndearna idirdhealú trasnach difear dóibh.*** Agus na sonraí a bhailítear á roinnt, níor cheart aon sonraí pearsanta a chur san áireamh.

Leasú 64

Togra le haghaidh treorach
Aithris 68

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(68) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach sin, eadhon foréigean ***in aghaidh na mban*** agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ar fud an Aontais ar bhonn rialacha íosta comhchoiteanna, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na mbeart atá beartaithe, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na	(68) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach sin, eadhon foréigean ***inscnebhunaithe*** agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ar fud an Aontais ar bhonn rialacha íosta comhchoiteanna, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na mbeart atá beartaithe, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar

coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir sin thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.	amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir sin thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

Leasú 65

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Leis an Treoir sin, leagtar síos rialacha chun foréigean ***in aghaidh na mban*** agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac. Bunaítear leis rialacha íosta maidir leis an méid seo a leanas:	Leis an Treoir sin, leagtar síos rialacha chun foréigean ***inscnebhunaithe*** agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac. Bunaítear leis rialacha íosta maidir leis an méid seo a leanas:

Leasú 66

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) cearta íospartaigh gach cineál foréigin ***in aghaidh na mban nó*** foréigean teaghlaigh roimh imeachtaí coiriúla, lena linn ***nó*** ina ndiaidh;	(b) cearta íospartaigh gach cineál foréigin ***inscnebhunaithe agus*** foréigean teaghlaigh roimh imeachtaí coiriúla, lena linn ***agus*** ina ndiaidh;

Leasú 67

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ***cosaint d'***íospartaigh agus ***tacaíocht d'íospartaigh.***	(c) ***bearta chun*** íospartaigh ***a chosaint*** agus ***chun tacú leo;***

Leasú 68

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) bearta coisctheacha a bhunú agus a fhorbairt.

Leasú 69

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Agus na bearta faoin Treoir sin á gcur chun feidhme, cuirfidh na Ballstáit san áireamh an ***riosca*** méadaithe foréigin a bhíonn os comhair íospartach atá ***faoi idirdhealú*** bunaithe ar mheascán inscne agus ar fhorais eile chun freastal ar a riachtanais fheabhsaithe cosanta agus tacaíochta, mar a leagtar amach in ***Airteagail*** 18(4), ***20(2),*** 27(5) agus 37(7).	1. Agus na bearta faoin Treoir sin á gcur chun feidhme, cuirfidh na Ballstáit san áireamh an ***baol*** méadaithe foréigin a bhíonn os comhair íospartach atá ***thíos le hidirdhealú*** bunaithe ar mheascán ***gnéis,*** inscne agus ar fhorais eile***, chomh maith le híospartaigh eile a bhfuil baol méadaithe foréigin teaghlaigh ag baint leo,*** chun freastal ar a riachtanais fheabhsaithe cosanta agus tacaíochta, mar a leagtar amach in ***Airteagal*** 18(4), ***Airteagal*** 27(5)***, Airteagal 35(1)*** agus ***Airteagal*** 37(7).

Leasú 70

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) gníomhartha ***foréigin in aghaidh na mban*** nó foréigean teaghlaigh mar a dhéantar coiriúlú orthu faoi ionstraimí eile de chuid dhlí an Aontais;	(b) gníomhartha ***foréigean inscnebhunaithe*** nó foréigean teaghlaigh mar a dhéantar coiriúlú orthu faoi ionstraimí eile de chuid dhlí an Aontais;

Leasú 71

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) aon ghníomh eile d'fhoréigean ***in aghaidh na mban*** nó d'aon fhoréigean teaghlaigh mar a dhéantar coir as faoin dlí náisiúnta.	(c) aon ghníomh eile d'fhoréigean ***inscnebhunaithe*** nó d'aon fhoréigean teaghlaigh mar a dhéantar coir as faoin dlí náisiúnta.

Leasú 72

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) ciallaíonn 'foréigean inscnebhunaithe' foréigean, nó bagairtí foréigin, atá dírithe ar dhuine mar gheall ar inscne, féiniúlacht inscne, léiriú inscne nó saintréithe gnéis an duine sin;

Leasú 73

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) Ciallaíonn 'foréigean baile' gach gníomh foréigin a mbíonn de thoradh air, nó ar dócha go mbeidh mar thoradh air, díobháil fhisiceach, ghnéasach, shíceolaíoch nó eacnamaíoch, a tharlaíonn sa teaghlach nó san aonad baile, beag beann ar cheangail bhitheolaíocha nó dhlíthiúla teaghlaigh, nó idir iarchéilí nó céilí reatha nó idir iarchéilí nó páirtithe reatha, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil cónaí roinnte ag an gciontóir leis an íospartach;	(b) Ciallaíonn 'foréigean baile' gach gníomh foréigin a mbíonn de thoradh air, nó ar dócha go mbeidh mar thoradh air, díobháil fhisiceach, ghnéasach, shíceolaíoch nó eacnamaíoch, a tharlaíonn sa teaghlach nó san aonad baile, beag beann ar cheangail bhitheolaíocha nó dhlíthiúla teaghlaigh, nó idir iarchéilí nó céilí reatha nó idir iarchéilí nó páirtithe reatha, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil cónaí roinnte ag an gciontóir leis an íospartach***, lena n-áirítear gníomhartha a tharlaíonn laistigh de theaghlach nó d'aonad tí a chuireann cosc ar dhuine dul isteach sa mhargadh saothair nó fanacht ann***;

Leasú 74

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 2 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) ciallaíonn 'an saol oibre' i gcúrsa oibre san áit oibre, nó nasctha le hobair nó ag éirí as obair san áit oibre, lena n-áirítear spásanna poiblí agus príobháideacha inar áit oibre iad; in áiteanna ina n-íoctar an t-oibrí, ina dtógann sé sos scíthe nó béile, nó ina n-úsáideann sé saoráidí sláintíochta, níochána agus athraitheacha; le linn turais, taisteal, oiliúint, imeachtaí nó gníomhaíochtaí sóisialta a bhaineann leis an obair; trí chumarsáid a bhaineann leis an obair, lena n-áirítear iad siúd a chumasaítear le teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide; i gcóiríocht a chuireann fostóir ar fáil; agus nuair a bhíonn tú ag comaitéireacht chuig an obair agus ón obair;

Leasú 75

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) Ciallaíonn ***'gnéaschiapadh ag an obair'*** aon chineál ***iompair bhriathartha***, neamhbhriathartha nó ***fhisiciúil nach dteastaíonn*** de chineál gnéasach, i gcás ina dtarlaíonn ***an t-iompar sin*** le linn ***imeaglaithe, naimhdeach, dighrádaithe, uiríslithe nó gránna*** i gcúrsaí ***fostaíochta***, slí bheatha agus ***féinfhostaíochta, nó i gcás ina dtarlaíonn sé i gcúrsaí mar sin, d'fhonn*** dínit an íospartaigh a shárú, ***,*** go háirithe nuair a chruthaítear timpeallacht imeaglaithe, naimhdeach, ***táireach***, uiríslithe nó mhaslach;	(g) ciallaíonn ***'ciapadh i saol na hoibre'*** aon chineál ***foréigin***, ***ciaptha nó aon chineál eile foréigin fhisicigh nó shíceolaíoch, atá dírithe ar dhaoine mar gheall ar a ngnéas nó a n-inscne, go háirithe a dhéanann difear díréireach do mhná, lena n-áirítear gnéaschiapadh a léirítear le haon iompar neamh-inmhianaithe béil,*** neamhbhriathartha nó ***fisiceach*** de chineál gnéasach, i gcás ina dtarlaíonn ***sé*** le linn ***post a lorg, le hoiliúint lena n-áirítear intéirnigh agus le printísigh, nó ina n-eascraíonn sé*** i gcúrsaí ***cuardaigh poist***, ***oiliúna, lena n-áirítear intéirnigh agus printísigh,***

	fostaíocht, slí bheatha agus ***féinfhostaíocht lena n-áirítear obair neamhfhoirmiúil, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, chun*** dínit an íospartaigh a shárú, go háirithe nuair a chruthaítear timpeallacht imeaglaithe, naimhdeach, ***tháireach***, uiríslithe nó mhaslach***, lena n-áirítear i gcás ina n-úsáidtear an t-iompar den sin go sainráite nó go hintuigthe mar bhonn do chinntí a bhaineann le post, nó i gcás ina mbaintear úsáid as an iompar sin go sainráite nó go hintuigthe mar bhonn le haghaidh cinntí a bhaineann le post***;

Leasú 76

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh na Ballstáit go dtuigfear gníomh neamh-chomhfhiosach mar ghníomh a dhéantar gan toiliú ***na mná*** a thabhairt dá dheoin féin nó i gcás nach bhfuil an ***bhean*** in ann uacht a dhéanamh mar gheall ar ***a*** riocht coirp nó meabhrach, agus ar an gcaoi sin a ***héagumas*** a shaothrú chun uacht shaor a dhéanamh, amhail i riocht neamh-chomhfhiosachta, meisce, codlata, tinnis, díobhála coirp nó míchumais.	2. Áiritheoidh na Ballstáit go dtuigfear gníomh neamh-chomhfhiosach mar ghníomh a dhéantar gan toiliú ***an duine*** a thabhairt dá dheoin féin nó i gcás nach bhfuil an ***duine*** in ann uacht a dhéanamh mar gheall ar riocht coirp nó meabhrach ***an duine***, agus ar an gcaoi sin a ***(h)éagumas*** a shaothrú chun uacht shaor a dhéanamh, amhail i riocht neamh-chomhfhiosachta, meisce, codlata, tinnis, díobhála coirp nó míchumais. ***Measfar gníomh a bheith comhthoiliúil i gcás ina mbeidh sé bunaithe ar thoiliú deonach mar thoradh ar shaorthoil a bheith á fheidhmiú ag an duine lena mbaineann.***

Leasú 77

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Is féidir ***toiliú*** a tharraingt siar tráth ar bith le linn an ghnímh. Ní féidir ***leis*** an ***íospartach an*** easpa toilithe a bhréagnú go heisiach ***le tost na mná***, neamhfhriotaíocht bhriathartha nó ***fhisiciúil*** nó iompar gnéasach ***san am a chuaigh thart***.	3. ***Tá gá le toiliú le haghaidh gach gnímh ar leith agus*** is féidir ***é*** a tharraingt siar tráth ar bith le linn an ghnímh. Ní féidir an easpa toilithe a bhréagnú go heisiach ***trí thost***, ***trí*** neamhfhriotaíocht bhriathartha nó ***fhisiciúilan duine,*** nó ***trí*** iompar gnéasach ***roimhe seo, nó tríd an gcaidreamh atá aige nó aici cheana leis an gciontóir***.

Leasú 78

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 6a
	Steiriliú éigeantais
	1. Áiritheoidh na Ballstáit gurb inphionóis mar chion coiriúil iompar intinneach na máinliachta a bhfuil sé de chuspóir nó d'éifeacht aige deireadh a chur le cumas duine atáirgeadh go nádúrtha gan réamhthoiliú feasach nó tuiscint an duine sin ar an nós imeachta.
	2. Áiritheoidh na Ballstáit nach féidir toiliú tuismitheora, caomhnóra dhlíthiúil ná cinneadh cúirte a chur in ionad réamhthoiliú feasach an duine chun dul tríd an máinliacht dá dtagraítear i mír 1.

Leasú 79

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 7 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) íomhánna pearsanta, nó físeáin nó ábhar eile a léiríonn gníomhaíochtaí	(a) íomhánna pearsanta, nó físeáin nó ábhar eile***, lena n-áirítear iad siúd*** a

gnéasacha, de chuid duine eile a dhéanamh gan toiliú an duine sin a bheith inrochtana ***don iliomad*** úsáideoirí deiridh trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide;	léiríonn gníomhaíochtaí gnéasacha, de chuid duine eile a dhéanamh gan toiliú an duine sin a bheith inrochtana ***d'***úsáideoirí deiridh ***eile*** trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide;

Leasú 80

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 7 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) íomhánna, físeáin nó ábhar eile a thaispeántar amhail is dá mbeadh duine eile ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnéasacha a tháirgeadh nó a ionramháil agus a ***scaipeadh ar an iliomad*** úsáideoirí deiridh ina dhiaidh sin, gan toiliú an duine sin;	(b) íomhánna, físeáin nó ábhar eile a thaispeántar amhail is dá mbeadh duine eile ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnéasacha a tháirgeadh nó a ionramháil agus a ***bheith inrochtana d'***úsáideoirí deiridh ***eile*** ina dhiaidh sin, ***trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide,*** gan toiliú an duine sin;

Leasú 81

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 8 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) gabháil de shíor d'iompar bagrach nó imeaglaithe atá dírithe ar dhuine eile, trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, a fhágann go bhfuil eagla ar an duine as a shábháilteacht féin nó go bhfuil eagla ar an duine as sábháilteacht cleithiúnaithe;	(a) gabháil de shíor d'iompar bagrach***, comhéigniú*** nó imeaglaithe atá dírithe ar dhuine eile, trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, a fhágann go bhfuil eagla ar an duine as a shábháilteacht féin nó go bhfuil eagla ar an duine as sábháilteacht ***daoine eile, amhail*** cleithiúnaithe***, gaolta nó comhpháirtithe, go háirithe sa timpeallacht bhaile*** ;

Leasú 82

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 8 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) duine eile a chur faoi fhaireachas leanúnach, gan toiliú ná údarú dlíthiúil an duine sin déanamh amhlaidh, trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, chun rianú nó faireachán a dhéanamh ar ghluaiseachtaí agus ar ghníomhaíochtaí an duine sin;	(b) duine eile a chur faoi fhaireachas leanúnach, gan toiliú ná údarú dlíthiúil an duine sin déanamh amhlaidh, trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, chun rianú nó faireachán a dhéanamh ar ghluaiseachtaí agus ar ghníomhaíochtaí an duine sin***, lena n-áirítear i gcomhthéacs shaol na hoibre***;

Leasú 83

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 8 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ***ábhar ina bhfuil*** sonraí pearsanta duine eile***, gan cead an duine sin,*** a chur ar fáil ***don iliomad*** úsáideoirí deiridh, trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, chun na húsáideoirí deiridh sin a ghríosú chun díobháil ***fhisiceach nó shuntasach shíceolaíoch*** a dhéanamh don duine.	(c) sonraí pearsanta duine eile a chur ar fáil ***d'***úsáideoirí deiridh ***eile***, ***gan toiliú an duine sin,*** trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, chun na húsáideoirí deiridh sin a ghríosú chun díobháil ***fhisiciúil, ghnéasach, shíceolaíoch nó eacnamaíoch*** a dhéanamh don duine ***nó chun iad a bhagairt***.

Leasú 84

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 9 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ionsaí a thionscnamh le tríú páirtithe atá dírithe ar dhuine eile, trí ábhar ***bagarthach*** nó maslach a dhéanamh inrochtana ***don iliomad*** úsáideoirí deiridh, trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, agus é mar thoradh air ***sin dochar suntasach síceolaíoch*** a dhéanamh don duine a ndearnadh ionsaí air;	(a) ionsaí a thionscnamh ***go poiblí nó*** le tríú páirtithe atá dírithe ar dhuine eile, trí ábhar ***bagartha*** nó maslach a dhéanamh inrochtana ***d'***úsáideoirí deiridh ***eile***, trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, agus é mar thoradh air ***díobháil shíceolaíoch agus eacnamaíoch*** a dhéanamh don duine a ndearnadh ionsaí air***, lena n-áirítear i gcomhthéacs shaol na hoibre***;

Leasú 85

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh na Ballstáit gurb inphionóis mar chion coiriúil an t-iompar intinneach arb é atá ann gríosú chun foréigin nó fuatha a dhírítear i gcoinne grúpa daoine nó ball den ghrúpa sin a shainítear trí thagairt a dhéanamh de ghnéas nó d'inscne, trí ábhar poiblí ina bhfuil an gríosú sin á scaipeadh trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide.	Áiritheoidh na Ballstáit gurb inphionóis mar chion coiriúil an t-iompar intinneach arb é atá ann gríosú chun foréigin nó fuatha a dhírítear i gcoinne grúpa daoine nó ball den ghrúpa sin a shainítear trí thagairt a dhéanamh de ghnéas nó d'inscne, ***nó do ghrúpaí eile faoi chosaint faoi dhlí an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 2,*** trí ábhar poiblí ina bhfuil an gríosú sin ***chun foréigin nó fuatha*** á scaipeadh trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide.

Leasú 86

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 12 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb inphionóis ***an cion coiriúil*** dá dtagraítear in ***Airteagal*** 6 le pionós uasta 5 ***bliana*** príosúnachta ar a laghad agus 7 ***bliana*** príosúnachta ar a laghad más rud é go ndearnadh an cion faoi dhálaí géaraitheacha dá dtagraítear in Airteagal 13.	4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb inphionóis ***na cionta coiriúla*** dá dtagraítear in ***Airteagail*** 6 ***agus 6b*** le pionós uasta 5 ***mbliana*** príosúnachta ar a laghad agus 7 ***mbliana*** príosúnachta ar a laghad más rud é go ndearnadh an cion faoi dhálaí géaraitheacha dá dtagraítear in Airteagal 13.

Leasú 87

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 13 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) go ndearnadh an cion, nó cion coiriúil eile arb é an foréigean ***in aghaidh na mban*** nó foréigean teaghlaigh é, arís	(a) go ndearnadh an cion, nó cion coiriúil eile arb é an foréigean ***inscnebhunaithe*** nó foréigean teaghlaigh

agus arís eile;	é, arís agus arís eile;

Leasú 88

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 13 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***má*** rinneadh an cion i gcoinne ***duine a*** d'fhág imthosca ar leith leochaileach iad, amhail staid spleáchais nó ***míchumas coirp, meabhrach, intleachta nó céadfach, nó ina chónaí*** in institiúidí;	(b) ***ma*** rinneadh an cion i gcoinne ***duinea*** d'fhág imthosca ar leith leochaileach iad, amhail ***mar gheall ar stádas cónaithe an duine, a aois,*** staid spleáchais ***lena n-áirítear spleáchas eacnamaíoch, socruithe oibre forbhásacha*** nó ***staid mhíchumais choirp, mheabhrach, intleachtúil nó chéadfach nó anacair nó cónaí*** in institiúidí;

Leasú 89

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 13 –mír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b a) gur i gcoinne mná a bhfuil feidhm aici sa saol polaitiúil nó sa saol poiblí a rinneadh an cion;

Leasú 90

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 13 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) go ndearnadh an cion i láthair linbh;	(d) go ndearnadh an cion i láthair linbh ***nó cleithiúnaí eile nó duine soghonta eile***;

Leasú 91

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 13 – mír 1 – pointe m

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(m) má rinneadh an cion trí mhí-úsáid a bhaint as post aitheanta iontaobhais, ***údaráis*** nó tionchair;	(m) má rinneadh an cion trí mhí-úsáid a bhaint as post aitheanta iontaobhais, ***ordlathais, údarás*** nó tionchair***, amhail caidreamh fostaíochta***;

Leasú 92

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 15 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse teorann le haghaidh cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 6 arb ionann í agus 10 bliana ar a laghad ón tráth a rinneadh an cion.	3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse teorann le haghaidh cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 6 ***agus Airteagal 6a*** arb ionann í agus 10 bliana ar a laghad ón tráth a rinneadh an cion.

Leasú 93

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 16 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Foréigean ***in aghaidh na mban nó*** foréigean teaghlaigh a thuairisciú	Foréigean ***inscnebhunaithe agus*** foréigean teaghlaigh a thuairisciú***;***

Leasú 94

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 16 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Sa bhreis ar chearta íospartach agus gearán á dhéanamh acu faoi Airteagal 5 de Threoir 2012/29/AE, áiritheoidh na Ballstáit ***go bhféadfaidh íospartaigh*** cionta coiriúla a bhaineann le foréigean ***in aghaidh na mban*** nó foréigean teaghlaigh a thuairisciú do na húdaráis inniúla ar	1. Sa bhreis ar chearta íospartach agus gearán á dhéanamh acu faoi Airteagal 5 de Threoir 2012/29/AE, áiritheoidh na Ballstáit ***gur féidir le híospartaigh, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas nó a bhfuil cónaí orthu in institiúidí,*** cionta coiriúla a bhaineann le foréigean

bhealach éasca agus inrochtana. Áireofar leis sin go bhféadfaí cionta coiriúla a thuairisciú ar líne nó trí theicneolaíochtaí eile faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear an fhéidearthacht fianaise a thíolacadh, go háirithe maidir le tuairisciú cionta coiriúla ar chibearfhoréigean.	***inscnebhunaithe*** nó foréigean teaghlaigh a thuairisciú do na húdaráis inniúla ar bhealach éasca agus inrochtana***, lena n-áirítear trí úsáid Braille agus teanga chomharthaíochta***. Áireofar leis sin go bhféadfaí cionta coiriúla a thuairisciú ar líne nó trí theicneolaíochtaí ***inrochtana*** eile faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear an fhéidearthacht fianaise a thíolacadh, go háirithe maidir le tuairisciú cionta coiriúla ar chibearfhoréigean. ***Beidh sásraí gearáin inrochtana chomh maith d'íospartaigh nach bhfuil scileanna digiteacha acu agus d'íospartaigh atá ina gcónaí i gceantair iargúlta nó thuaithe a bhfuil sé deacair orthu rochtain a fháil ar uirlisí digiteacha agus ar an idirlíon agus do dhaoine faoi mhíchumas.***

Leasú 95

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 16 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun spreagadh a thabhairt d'aon duine a bhfuil a fhios aige nó aici, de mheon macánta, go bhfuil cionta ***foréigin in aghaidh na mban*** nó foréigean teaghlaigh tar éis tarlú, nó go bhfuiltear ag súil le tuilleadh gníomhartha foréigin, chun é sin a thuairisciú do na húdaráis inniúla.	2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun spreagadh a thabhairt d'aon duine a bhfuil a fhios aige nó aici ***nó a bhfuil amhras air nó uirthi***, de mheon macánta, go bhfuil cionta ***inscnebhunaithe*** nó foréigean teaghlaigh tar éis tarlú, nó go bhfuiltear ag súil le tuilleadh gníomhartha foréigin, chun é sin a thuairisciú do na húdaráis inniúla ***gan eagla a bheith orthu faoi bhearta díoltais ná iarmhairtí diúltacha***.

Leasú 96

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 16 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. I gcás ina dtuairiscíonn leanaí	4. I gcás ina dtuairiscíonn leanaí

cionta coiriúla a bhaineann le foréigean ***in aghaidh na mban*** nó foréigean teaghlaigh, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na nósanna imeachta tuairiscithe sábháilte, rúnda, deartha agus inrochtana ar bhealach agus teanga atá fabhrach do leanaí, i gcomhréir lena n-aois agus lena n-aibíocht. Má bhaineann an cion le sealbhóir na freagrachta tuismitheora, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach bhfuil an tuairisciú coinníollach ar thoiliú an duine sin.

cionta coiriúla a bhaineann le foréigean ***inscnebhunaithe*** nó foréigean teaghlaigh, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na nósanna imeachta tuairiscithe sábháilte, rúnda, deartha agus inrochtana ar bhealach agus teanga atá fabhrach do leanaí, i gcomhréir lena n-aois agus lena n-aibíocht. Má bhaineann an cion le sealbhóir na freagrachta tuismitheora, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach bhfuil an tuairisciú coinníollach ar thoiliú an duine sin.

Leasú 97

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 16 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh toirmeasc ar na húdaráis inniúla a bheidh i dteagmháil le híospartaigh a thuairiscíonn cionta maidir le foréigean ***in aghaidh na mban*** nó foréigean teaghlaigh sonraí pearsanta a bhaineann le stádas cónaithe an íospartaigh a aistriú chuig údaráis inniúla imirce, ar a laghad go dtí go mbeidh an chéad mheastóireacht aonair dá dtagraítear in Airteagal 18 curtha i gcrích.	5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh toirmeasc ar na húdaráis inniúla a bheidh i dteagmháil le híospartaigh a thuairiscíonn cionta maidir le foréigean ***inscnebhunaithe*** nó foréigean teaghlaigh sonraí pearsanta a bhaineann le stádas cónaithe an íospartaigh a aistriú chuig údaráis inniúla imirce, ar a laghad go dtí go mbeidh an chéad mheastóireacht aonair dá dtagraítear in Airteagal 18 curtha i gcrích.

Leasú 98

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 16 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5a. Áiritheoidh na Ballstáit sásraí tuairiscithe éifeachtacha agus nósanna imeachta leantacha agus sásraí imscrúdaitheacha i gcásanna foréigin agus ciaptha i saol na hoibre. Déanfaidh na Ballstáit agus fostóirí na bearta is gá chun cosaint in aghaidh íospairt gearánach, íospartach, finnéithe agus sceithirí, nó iarmhairtí díobhálacha ina

	gcoinne, a áirithiú agus chun cosaint phríobháideacht agus rúndacht na ndaoine sin a áirithiú, agus mí-úsáid na gceanglas ábhartha maidir le príobháideachas agus rúndacht a chosc ag an am céanna.
	Áiritheoidh na Ballstáit agus fostóirí nach ualach do na híospartaigh é fianaise a chur ar fáil ná nach gcuirfidh sé le tuilleadh íospartha.

Leasú 99

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 17 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Maidir le daoine, aonaid nó seirbhísí a dhéanann foréigean ***in aghaidh na mban*** nó foréigean teaghlaigh a imscrúdú agus a ionchúiseamh, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil saineolas leordhóthanach agus uirlisí éifeachtacha imscrúdaitheacha acu chun na coireanna sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh, go háirithe chun fianaise leictreonach a bhailiú, a anailísiú agus a shlánú i gcás cibearfhoréigean.	1. Maidir le daoine, aonaid nó seirbhísí a dhéanann foréigean ***inscnebhunaithe*** nó foréigean teaghlaigh a imscrúdú agus a ionchúiseamh, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil saineolas ***agus acmhainneacht*** leordhóthanach agus uirlisí éifeachtacha imscrúdaitheacha acu chun na coireanna sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh, go háirithe chun fianaise leictreonach a bhailiú, a anailísiú agus a shlánú i gcás cibearfhoréigean.

Leasú 100

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 17 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar cionta tuairiscithe maidir le foréigean ***in aghaidh na mban*** nó foréigean teaghlaigh a phróiseáil agus a aistriú gan mhoill chuig na húdaráis inniúla le haghaidh ionchúisimh agus imscrúdaithe.	2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar cionta tuairiscithe maidir le foréigean ***inscnebhunaithe*** nó foréigean teaghlaigh a phróiseáil agus a aistriú gan mhoill chuig na húdaráis inniúla le haghaidh ionchúisimh agus imscrúdaithe.

Leasú 101

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 17 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfaidh na húdaráis inniúla líomhaintí maidir le foréigean ***in aghaidh na mban*** nó foréigean teaghlaigh a thaifeadadh agus a imscrúdú go pras agus go héifeachtach agus áiritheoidh siad go ndéanfar gearán oifigiúil a chomhdú i ngach cás.	3. Déanfaidh na húdaráis inniúla líomhaintí maidir le foréigean ***inscnebhunaithe*** nó foréigean teaghlaigh a thaifeadadh agus a imscrúdú go pras agus go héifeachtach agus áiritheoidh siad go ndéanfar gearán oifigiúil a chomhdú i ngach cás.

Leasú 102

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 18 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Cuirfear san áireamh sa mheasúnú cúinsí aonair an íospartaigh, lena n-áirítear an bhfuil idirdhealú bunaithe ar mheascán inscne agus foras eile ann agus, dá bhrí sin, an bhfuil baol méadaithe foréigin ann, chomh maith le cuntas agus measúnú an íospartaigh féin ar an gcás. Déanfar é a sheoladh ar mhaithe le leas an íospartaigh, agus aird ar leith á tabhairt ar an ngá le híospairt thánaisteach nó athíospairt a sheachaint.	4. Cuirfear san áireamh sa mheasúnú cúinsí aonair an íospartaigh, lena n-áirítear an bhfuil idirdhealú bunaithe ar mheascán ***gnéis,*** inscne agus foras eile ann agus, dá bhrí sin, an bhfuil baol méadaithe foréigin ann, chomh maith le cuntas agus measúnú an íospartaigh féin ar an gcás. Déanfar é a sheoladh ar mhaithe le leas an íospartaigh, agus aird ar leith á tabhairt ar an ngá le híospairt thánaisteach nó athíospairt a sheachaint.

Leasú 103

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 18 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Déanfar an measúnú aonair i gcomhar leis na húdaráis inniúla ábhartha ***go léir*** ag brath ar chéim na n-imeachtaí, agus ar sheirbhísí tacaíochta ábhartha, amhail ionaid ***chosanta*** íospartach agus dídean do mhná, seirbhísí sóisialta agus gairmithe cúraim sláinte.	6. Déanfar an measúnú aonair i gcomhar leis na húdaráis inniúla ábhartha ***uile*** ag brath ar chéim na n-imeachtaí, agus ar sheirbhísí tacaíochta ábhartha, amhail ***eagraíochtaí na sochaí sibhialta,*** ionaid ***cosanta*** íospartach agus dídean do mhná, seirbhísí sóisialta agus gairmithe cúraim sláinte ***chomh maith leis na***

	comhpháirtithe sóisialta má tharlaíonn taithí an íospartaigh i gcomhthéacs shaol na hoibre.

Leasú 104

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 18 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Déanfaidh na húdaráis inniúla an measúnú aonair a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta chun a áirithiú go ***mbaineann*** na bearta cosanta le staid reatha an íospartaigh. Áireofar leis sin measúnú i dtaobh an gá bearta cosanta, go háirithe faoi Airteagal 21, a oiriúnú nó a dhéanamh.	7. Déanfaidh na húdaráis inniúla an measúnú aonair a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta chun a áirithiú go ***rachaidh*** na bearta cosanta ***i ngleic go héifeachtach agus go leordhóthanach*** le staid ***agus riachtanais*** reatha an íospartaigh. Áireofar leis sin measúnú i dtaobh an gá bearta cosanta, go háirithe faoi Airteagal 21, a oiriúnú nó a dhéanamh.

Leasú 105

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 20 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Más rud é go mbeidh riachtanais shonracha tacaíochta nó cosanta sainaitheanta ag na measúnuithe dá dtagraítear in Airteagal 18 agus in Airteagal 19 nó má iarrann an t-íospartach tacaíocht, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh seirbhísí tacaíochta i dteagmháil le híospartaigh chun tacaíocht a thairiscint.	1. Más rud é go mbeidh riachtanais shonracha tacaíochta nó cosanta sainaitheanta ag na measúnuithe dá dtagraítear in Airteagal 18 agus in Airteagal 19 nó má iarrann an t-íospartach tacaíocht, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh seirbhísí ***speisialaithe*** tacaíochta i dteagmháil le híospartaigh chun tacaíocht a thairiscint.

Leasú 106

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 21 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcásanna	1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcásanna

ina mbeidh contúirt láithreach ann do shláinte nó do shábháilteacht an íospartaigh nó a gcleithiúnaithe, go n-eiseoidh na húdaráis inniúla orduithe a dhírítear ar chiontóir foréigin a chumhdaítear leis an Treoir sin chun áit chónaithe an íospartaigh nó a gcleithiúnaithe a fhágáil ar feadh tréimhse leordhóthanach ama agus chun cosc a chur ar an gciontóir dul isteach san áit chónaithe nó teagmháil a dhéanamh ***leis*** an íospartach nó lena gcleithiúnaithe ar bhealach ar bith. Beidh éifeacht láithreach ag na horduithe sin agus ní bheidh siad ag brath ar íospartach a thuairiscíonn an cion coiriúil.	ina mbeidh contúirt láithreach ann do shláinte nó do shábháilteacht an íospartaigh nó a gcleithiúnaithe, go n-eiseoidh na húdaráis inniúla orduithe a dhírítear ar chiontóir foréigin a chumhdaítear leis an Treoir sin chun áit chónaithe an íospartaigh nó a gcleithiúnaithe a fhágáil ar feadh tréimhse leordhóthanach ama agus chun cosc a chur ar an gciontóir dul isteach san áit chónaithe nó ***dul isteach nó*** teagmháil a dhéanamh ***le hionad oibre*** an íospartach nó ***teagmháil a dhéanamh*** lena gcleithiúnaithe ar bhealach ar bith. Beidh éifeacht láithreach ag na horduithe sin agus ní bheidh siad ag brath ar íospartach a thuairiscíonn an cion coiriúil.

Leasú 107

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 23 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Eiseoidh na Ballstáit treoirlínte do na húdaráis inniúla atá ag gníomhú in imeachtaí coiriúla, lena n-áirítear treoirlínte ionchúisimh agus breithiúnacha, maidir le cásanna foréigin ***in aghaidh na mban*** nó foréigean teaghlaigh. Áireofar sna treoirlínte sin treoir maidir leis an méid seo a leanas:	Eiseoidh na Ballstáit treoirlínte do na húdaráis inniúla atá ag gníomhú in imeachtaí coiriúla, lena n-áirítear treoirlínte ionchúisimh agus breithiúnacha, maidir le cásanna foréigin ***inscnebhunaithe*** nó foréigean teaghlaigh. Áireofar sna treoirlínte sin treoir maidir leis an méid seo a leanas:

Leasú 108

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 23 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) conas cur chuige inscne-fhreagrúil agus trasnach a chur i bhfeidhm i ngach gníomhaíocht agus beart;

Leasú 109

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 23 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) conas cóir leighis a chur ar íospartaigh ar bhealach atá íogair ó thaobh tráma, inscne agus leanaí de;	(c) conas cóir leighis a chur ar íospartaigh ar bhealach atá íogair ó thaobh tráma, ***daoine faoi mhíchumas, teanga,*** inscne agus leanaí de;

Leasú 110

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 23 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) Conas freastal ar riachtanais fheabhsaithe cosanta agus tacaíochta íospartach a bhfuil idirdhealú á dhéanamh orthu bunaithe ar mheascán de ghnéas agus d'fhorais eile;	(e) Conas freastal ar riachtanais fheabhsaithe cosanta agus tacaíochta íospartach a bhfuil idirdhealú á dhéanamh orthu bunaithe ar mheascán de ghnéas***, d'inscne*** agus d'fhorais eile;

Leasú 111

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 23 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) conas steiréitíopaí inscne a sheachaint;	(f) conas steiréitíopaí inscne ***agus claontacht neamh-chomhfhiosach*** a sheachaint;

Leasú 112

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 23 – mír 1 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) conas íospartaigh a atreorú chuig seirbhísí tacaíochta, chun a áirithiú go gcaithfear go hiomchuí le híospartaigh	(g) conas íospartaigh a atreorú chuig seirbhísí tacaíochta ***iomchuí***, ***tráthúla agus inrochtana,*** chun a áirithiú go gcaithfear

agus go ndéileálfar le cásanna foréigin ***in aghaidh na mban nó foréigean*** teaghlaigh.	go hiomchuí le híospartaigh agus go ndéileálfar le cásanna foréigin ***inscnebhunaithe nó foréigin*** teaghlaigh.

Leasú 113

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 24 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) cúnamh agus comhairle neamhspleách a chur ar fáil d'íospartaigh an fhoréigin ***in aghaidh na mban*** agus an fhoréigin teaghlaigh;	(a) cúnamh agus comhairle neamhspleách a chur ar fáil d'íospartaigh an fhoréigin ***inscnebhunaithe*** agus an fhoréigin teaghlaigh ***agus finnéithe***;

Leasú 114

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 24 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 gníomhú thar ceann íospartach amháin nó roinnt íospartach amháin nó níos mó ***as gach cineál foréigin in aghaidh na mban*** nó foréigean teaghlaigh in imeachtaí breithiúnacha, lena n-áirítear an t-iarratas ar chúiteamh dá dtagraítear in Airteagal 26 agus an t-ábhar ar líne dá dtagraítear in Airteagal 25 a bhaint, le formheas na n-íospartach.]	2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 gníomhú thar ceann íospartach amháin nó roinnt íospartach amháin nó níos mó ***ar fhoréigean inscnebhunaithe*** nó foréigean teaghlaigh in imeachtaí breithiúnacha, lena n-áirítear an t-iarratas ar chúiteamh dá dtagraítear in Airteagal 26 agus an t-ábhar ar líne dá dtagraítear in Airteagal 25 a bhaint, le formheas na n-íospartach.]

Leasú 115

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 26 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an ceart ag íospartaigh cúiteamh iomlán a éileamh ó chiontóirí as damáistí a eascraíonn as gach cineál foréigin ***in***	1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an ceart ag íospartaigh cúiteamh iomlán a éileamh ó chiontóirí as damáistí a eascraíonn as gach cineál foréigin

aghaidh na mban nó as gach cineál ***foréigin*** teaghlaigh.	***inscnebhunaithe*** nó as gach cineál ***foréigean*** teaghlaigh.

Leasú 116

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 26 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Áireofar sa damáiste costais do sheirbhísí cúraim sláinte, seirbhísí tacaíochta, athshlánú, caillteanas ioncaim agus costais réasúnacha eile a tháinig chun cinn mar thoradh ar an gcion nó chun iarmhairtí an chiona a bhainistiú. Cúiteoidh méid na ndamáistí a dhámhfar díobháil fhisiceach agus shíceolaíoch agus dochar morálta freisin.	4. Áireofar sa damáiste costais do sheirbhísí cúraim sláinte, seirbhísí tacaíochta, athshlánú, caillteanas ioncaim***, sochair*** agus ***deiseanna a bhaineann le fostaíocht agus*** costais réasúnacha eile a tháinig chun cinn mar thoradh ar an gcion nó chun iarmhairtí an chiona a bhainistiú. Cúiteoidh méid na ndamáistí a dhámhfar díobháil fhisiceach agus shíceolaíoch agus dochar morálta freisin.

Leasú 117

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 27 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh seirbhísí speisialaithe ***tacaíochta*** dá dtagraítear in Airteagal 9(3) de Threoir 2012/29/AE ar fáil d'íospartaigh na ngníomhartha foréigin a chumhdaítear leis an Treoir sin***:*** Soláthróidh na sainseirbhísí tacaíochta an méid seo a leanas:	1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh seirbhísí ***tacaíochta*** speisialaithe ***saor in aisce agus rúnda*** dá dtagraítear in Airteagal ***8(3) agus in Airteagal*** 9(3) de Threoir 2012/29/AE ar fáil d'íospartaigh na ngníomhartha foréigin a chumhdaítear leis an Treoir sin***. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na seirbhísí speisialaithe tacaíochta ar fáil chun freastal ar dhaoine faoi mhíchumas.*** Soláthróidh na sainseirbhísí tacaíochta an méid seo a leanas:

Leasú 118

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 27 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) Comhairle agus faisnéis maidir le haon nithe ábhartha dlí nó praiticiúla a eascraíonn de thoradh na coire, lena n-áirítear maidir le rochtain ar thithíocht, ar oideachas, ar oiliúint agus ar chúnamh chun fanacht i bhfostaíocht nó ***fostaíocht*** a fháil;	(a) ***tacaíocht, faisnéis agus*** comhairle agus faisnéis maidir le haon nithe ábhartha dlí nó praiticiúla a eascraíonn de thoradh na coire, lena n-áirítear maidir le rochtain ar thithíocht ***chuibhiúil inrochtana***, ar oideachas, ar oiliúint agus ar chúnamh chun fanacht i bhfostaíocht ***ar ardchaighdeán*** nó ***chun í*** a fháil;

Leasú 119

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 27 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfar an tacaíocht speisialaithe dá dtagraítear i mír 1 a thairiscint go pearsanta agus beidh rochtain éasca uirthi, lena n-áirítear ar líne nó trí mhodhanna leordhóthanacha eile, amhail teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, atá saincheaptha do riachtanais íospartaigh an fhoréigin ***in aghaidh na mban*** agus an fhoréigin ***baile***.	2. Déanfar an tacaíocht speisialaithe dá dtagraítear i mír 1 a thairiscint go pearsanta agus beidh rochtain éasca uirthi, lena n-áirítear ar líne nó trí mhodhanna leordhóthanacha eile, amhail teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, atá saincheaptha do riachtanais íospartaigh an fhoréigin ***inscnebhunaithe*** agus an fhoréigin ***teaghlaigh, lena n-áirítear iad siúd ó chúlra faoi mhíbhuntáiste nó ó chúlra éagsúil, amhail imircigh nó daoine faoi mhíchumas nó iad siúd a bhfuil cónaí orthu in institiúidí***.

Leasú 120

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 27 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit dóthain acmhainní daonna agus airgeadais chun na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar, go háirithe na seirbhísí dá dtagraítear i ***bpointe*** (c), lena n-áirítear i gcás ina soláthraíonn eagraíochtaí neamhrialtasacha	3. Áiritheoidh na Ballstáit ***go mbeidh*** dóthain acmhainní daonna agus airgeadais ***ann*** chun na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar, go háirithe na seirbhísí dá dtagraítear i ***bpointí*** (***a) agus (***c) ***den mhír sin***, lena n-áirítear i gcás ina soláthraíonn

na seirbhísí sin.	eagraíochtaí neamhrialtasacha na seirbhísí sin.***Amhail eagraíochtaí ban, eagraíochtaí de chineál carthanachta chomh maith le heagraíochtaí eile a chuireann cúnamh dlíthiúil, cúram sláinte agus cosaint shóisialta ar fáil.***

Leasú 121

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 27 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
